Health Information and Quality Authority

An tÚdarás Um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte

# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2016

*Cúram níos sábháilte, níos fear*

# Brollach ón gCathaoirleach



Brian McEnery
*Cathaoirleach*

Le linn 2016, lean an tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte lena thiomantas a comhlíonadh chun ról suntasach a imirt agus chun cur go suntasach cinntiú go bhfuil córas sláinte agus cúram sóisialta na hÉireann sábháilte agus ar ardchaighdeán, agus go bhfeabhsaítear go comhleanúnach eispéireas duine a úsáideann na seirbhísí sin.

Le linn 2016, chuireamar chun cinn ár bpríomhghníomhaíochtaí de rialáil agus de mhaoirseacht ar sheirbhísí, caighdeáin a leagan síos agus comhairle straitéiseach a chur ar fáil d'eagraíochtaí Rialtais agus soláthraithe náisiúnta. D'fhoilsigh HIQA ár bPlean Corparáideach 2016-2018 agus chuir siad tús lena chur chun feidhme. Aithnítear sa phlean tosaíochtaí HIQA thar na trí bliana atá amach romhainn, agus déantar cur síos ar na torthaí atá beartaithe againn a bhaint amach agus ar na gníomhaíochtaí atá le déanamh chun na torthaí seo a sheachadadh.

Cuireann ár bPlean Corparáideach do 2016-2018 lena raibh bainte amach ónár bplean corparáideach roimhe seo agus cuirtear san áireamh an taithí atá againn maidir lenár bhfeidhmeanna ar fud an chórais sláinte agus cúraim shóisialta a chur chun feidhme.

Tá sé ríthábhachtach go ndéantar tírdhreach faisnéise sláinte na hÉireann a fhorbairt le haghaidh feabhsúcháin laistigh den chóras sláinte agus cúraim shóisialta. Le linn 2016, i gcomhar lenár bpáirtithe leasmhara, d'fhorbraíomar réimse de chaighdeáin fhaisnéise sláinte bunaithe ar fhianaise, leanamar le forbairt de shuirbhé náisiúnta ar éispéiris othar agus d'fhorbraíomar caighdeáin chun cur i bhfeidhm na Straitéise r-Shláinte a chur chun cinn. Ina theannta sin, chuireamar tús le creat a fhorbairt chun monatóireacht a dhéanamh ar na caighdeáin náisiúnta don oibreoir aitheantóra sláinte agus ar na caighdeáin náisiúnta le haghaidh bailiúcháin sonraí sláinte agus cúraim shóisialta.

Leantar leis an méadú ar an mian chun measúnú teicneolaíochta sláinte (HTA) a úsáid chun bonn eolais a chur faoi chinnteoireacht. In 2016, thugamar faoi roinnt HTAnna ar fud an chórais, amhail HTA d'idirghabhálacha ar scor ón tobac. Sholáthraíomar treoir maidir le húsáid HTA agus rinneamar measúnú ar thionchar ár gcomhairle ar bheartas sláinte agus ar chinnteoireacht seirbhíse sláinte in Éirinn. Leanamar le tacú a thabhairt d'obair an Choiste Náisiúnta um Éifeachtacht Chliniciúil i gcúram othar a bharrfheabhsú.

Ag teacht le tosaíochtaí an Rialtais agus seirbhíse, d'fhorbraíomar réimse de chaighdeáin náisiúnta, lena n-áirítear caighdeáin náisiúnta le haghaidh seirbhísí máithreachais. Chuireamar tús freisin le forbairt ar na chéad chaighdeáin dá gcineáil a forbraíodh trí thionscadal comhoibríoch leis an gCoimisiún Meabhair-Shláinte. Leagtar amach sna caighdeáin seo conas a dhéantar athbhreithniú ar eachtraí sábháilteachta othar ar fud géarsheirbhísí sláinte agus meabhairshláinte.

Agus lárionaid ainmnithe á rialú, lean HIQA lena gcláir rialála ar aon dul lena sainordú dlíthiúil, agus feabhas á chur ar chórais agus ar phróisis inmheánacha chun cuidiú le seirbhísí atá ag cliseadh nó is dóiche go gclisfidh siad a thuar agus freagairt a thabhairt orthuLe cur chuige bunaithe ar chearta an duine maidir le rialáil agus le tógáil ar chláir théamacha na cigireachta sna réimsí sábháilteachta cógais agus cúraim néaltraithe.

Le linn 2016, rinne HIQA clár cuimsitheach iniúchta ar sheirbhísí sóisialta leanaí. Lena chois sin, chuireamar tús le hathbhreithniú ar na socruithe rialachais atá i bhfeidhm sa tseirbhís chosanta leanaí agus leasa de chuid na Gníomhaireachta Leanaí agus Teaghlaigh, agus rinneamar athbhreithniú ar chur chun feidhme na treorach náisiúnta maidir le painéal náisiúnta athbhreithnithe de chuid na Gníomhaireachta Leanaí agus Teaghlaigh. Áiríodh leis sin cuir chuige rialála a scóipeáil agus a fhorbairt maidir le réimse leathnaithe de sheirbhísí leanaí i gcomhar leis an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige agus leis an nGníomhaireacht Leanaí agus Teaghlaigh.

Leathnaíomar ár gclár monatóireachta sa chosc agus rialú d'Ionfhabhtuithe Bainteach le Cúram Sláinte, agus d'fhoilsíomar tuarascáil fhorbhreathnaithe de mhaoirseacht fhrithmhiocróbach. Leanadh lenár n-athbhreithniú ar chothú agus ar hiodráitiú in ospidéil ghéarmhíochaine phoiblí agus rinneamar clár de mhonatóireacht ar shábháilteacht chógais in ospidéil phoiblí ghéarmhíochaine. Ina theannta sin, rinneamar measúnú ar dhul chun cinn le moltaí a rinneadh i gcoinne:


*Ár n-athbhreithnithe ar sheirbhísí cúraim éigeandála réamh-ospidéil chun ardchaighdeán a áirithiú sa mheasúnú, diagnóis, bainistíocht chliniciúil agus iompar na n-othar atá go dona tinn chuig saoráidí cúram sláinte iomchuí.*

*Ár dtuarascáil d'imscrúdú ar an sábháilteacht, cáilíocht agus caighdeáin de sheirbhísí a sholáthraíonn Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte d'othair san Ospidéal Réigiúnach Lár Tíre, Port Laoise.*

Mar chomhlacht poiblí neamhspleách a bhfuil dualgas air cúram ardchaighdeáin agus sábháilte a chur chun tosaigh do dhaoine a bhaineann úsáid as ár seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta in Éirinn, tá HIQA freagrach as a shainordú a sheachadadh ar mhodh éifeachtach agus éifeachtúil ó thaobh costais de.

Gabhaim mo bhuíochasle gach ballfoirne HIQA mar gheall ar a ndianobairagus a dtiomantas 2016 agus gabhaim mo bhuíochas le comhaltaí an Bhoird as an gcomhairle agus an treoir a chuireann siad ar fáil.

Le chéile, leanfaimid leis an tasc d'acmhainní, cumas agus muinín i gcáilíocht agus i sábháilteacht na seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta sa tír seo a chur chun cinn.



**Brian McEnery**
**Cathaoirleach**

# Clár Ábhar


| | | |
|---|---|---|
| **1** | **Eolas faoin Údarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte** | **4** |
| | 1.1 Réamhrá | 4 |
| | 1.2 Ár sainordú agus gníomhaíochtaí | 5 |
| | 1.3 Ráiteas misin agus luachanna corparáideacha | 6 |
| **2** | **Rialachas agus bainistíocht** | **7** |
| | 2.1 Ár mbord | 7 |
| | 2.2 Cruinnithe an Bhoird | 9 |
| | 2.3 Coistí an Bhoird | 9 |
| | 2.4 Struchtúir eagraíochtúil | 10 |
| **3** | **Cuspóirí straitéiseacha agus éachtaí** | **12** |
| | 3.1 Cuspóirí straitéiseacha | 12 |
| | 3.2 Achoimre ar éachtaí ó 1 Eanáir go dtí 31 Nollaig2016 | 14 |
| **4** | **Gníomhaíochtaí de réir Stiúrthóireachta** | **18** |
| | 4.1 Tuarascáil ó Oifig Phríomhchigire na Seirbhísí Sóisialta (Rialú) | 18 |
| | 4.2 Measúnú Teicneolaíochta Sláinte | 33 |
| | 4.3 An Stiúrthóireacht um Fhaisnéis Sláinte | 44 |
| | 4.4 An Stiúrthóireacht um Chaighdeáin agus Cáilíocht a Fheabhsú | 53 |
| | 4.5 Oibríochtaí | 56 |
| | 4.6 Cumarsáid agus Rannpháirtíocht Páirtithe Leasmhara | 60 |
| | 4.7 Oifig an Phríomhfheidhmeannaigh | 66 |
| **5** | **Faisnéis airgeadais** | **68** |
| | 5.1 Ráitis airgeadais | 68 |
| **6** | **Aguisíní** | **69** |
| | Aguisín 1: Gníomhaíochtaí agus Freastal an Bhoird in 2016 | 69 |
| | Aguisín 2: Léarscáil Straitéise | 71 |
| | Aguisín 3: Tuarascáil na Nochtuithe Cosanta | 72 |

# Caibidil 1: Eolas faoin Údarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte

## 1.1 Réamhrá

Tá an tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte (HIQA) ina údarás neamhspleách a bunaíodh chun cúram ardchaighdeáin agus sábháilte a chur chun tosaigh do dhaoine a bhaineann úsáid as ár seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta in Éirinn. Is é an ról atá ag HIQA caighdeáin a fhorbairt, iniúchadh agus athbhreithniú a dhéanamh ar sheirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta agus tacú le cinntí eolasacha maidir leis an gcaoi a ndéantar seirbhísí a sheachadadh.

Is é seo an deichiú tuarascáil bhliantúil ar obair HIQA ó bunaíodh é sa bhliain 2007.

In 2016, leanamar le seirbhísí cónaithe do dhaoine scothaosta, do leanaí agus do dhaoine faoi mhíchumas a rialáil, le comhairle a chur ar fáil maidir le cinnteoireacht agus le measúnú a dhéanamh ar theicneolaíochtaí sláinte nua agus orthu siúd atá ann cheana féin, chun cur i bhfeidhm na faisnéise sláinte a chur chun cinn d'fhonn torthaí d'othair a fheabhsú agus deiseanna forbartha ardchaighdeáin agus sábháilteachta a sholáthar, rud a thacaíonn le feabhas a chur ar sheirbhísí.

D'fhoilsigh HIQA plean nua corparáideach trí bliana in 2016, Corporate Plan 2016- 2018. Bunaithe ar na cuspóirí atá leagtha amach sa Phlean Corparáideach seo, múnlaíodh an obair a rinneamar in 2016 (Féach Caibidil 3). Leagtar amach sa Tuarascáil Bhliantúil seo conas a chuireamar na cuspóirí sin chun cinn agus iad siúd ónár bPlean Gnó 2016.

Leanaimid de bheith ag tuairisciú go poiblí maidir le sábháilteacht, cáilíocht agus éifeachtúlacht na seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta. Lena linn sin, cuireann HIQA ar chumas an chórais sláinte agus chúraim shóisialta an riosca díobhála agus mí-úsáide a bhaineann le daoine a úsáideann seirbhísí a laghdú.

Cuirimid bonn eolais faoi bheartas sláinte agus cinntí bunaithe ar sheirbhís infheistíocht agus ar dhí-infheistiú. Cuirimid eolas freisin ar an bpobal agus ar úsáideoirí seirbhísí faoinár ngníomhaíochtaí. Déanaimid an fhoghlaim ó ghníomhaíochtaí a chomhroinnt chun feabhas leanúnach ar phleanáil, bainistíocht agus seachadadh seirbhísí a áirithiú.

## 1.2 Ár sainordú agus gníomhaíochtaí

Bunaíodh HIQA beagnach 10 mbliana ó shin chun an earnáil sláinte agus chúraim shóisialta in Éirinn a rialú, chun daoine a chosaint agus chun sábháilteacht agus cáilíocht na seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta a fheabhsú. Tháinig méadú suntasach ar ár sainchúram ó shin, mar sin féin, tá ár bpríomhghníomhaíochtaí mar a bhí i gcónaí.

Ag tuairisciú don Aire Sláinte agus ag dul i dteagmháil leis an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige, tá freagracht reachtúil ag HIQA as na nithe seo a leanas:

- **Caighdeáin a leagan síos le haghaidh Seirbhísí Sláinte agus Cúraim Sóisialta** – Caighdeáin dírithe ar an duine a fhorbairt, bunaithe ar fhianaise agus ar dhea-chleachtas idirnáisiúnta, le haghaidh seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta in Éireann.
- **Rialú** – Lárionaid ainmnithe a chlárú agus iniúchadh a dhéanamh orthu.
- **Monatóireacht a dhéanamh ar Sheirbhísí Leanaí** – Monatóireacht agus iniúchadh a dhéanamh ar sheirbhísí sóisialta leanaí.
- **Monatóireacht a dhéanamh ar Shábháilteacht agus Cáilíocht Cúram Sláinte** – Monatóireacht a dhéanamh ar shábháilteacht agus cáilíocht na seirbhísí sláinte agus imscrúdú a dhéanamh mar riachtanas ar imní dáiríre faoi shláinte agus leas na ndaoine a bhaineann úsáid as na seirbhísí.
- **Measúnú ar Theicneolaíocht Sláint** – Comhairle a sholáthar a chumasaíonn an toradh feardhaoine a úsáideann ár seirbhís sláinte agus anúsáid fearr d'acmhainní trí mheastóireacht a dhéanamh aran éifeachtúlacht chliniciúil agus ar an éifeachtúlacht ó thaobh costais de dhrugaí trealamh, teicnící diagnóiseachaagus gníomhaíochtaí cur chun cinn agus cosaint sláinte.
- **Faisnéis Shláinte** – Comhairle a chur ar fáil ar an mbailiú éifeachtúil agus slán agus ar an roinnt d'fhaisnéis sláinte, caighdeáin a shocrú, acmhainní faisnéise a mheas agus faisnéis a fhoilsiú faoi sheachadadh agus feidhmíocht na seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta in Éirinn.


### Ár sainordú dlíthiúil

Tá na feidhmeanna reachtúla a chuireann bonn faoi obair an Údaráis um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte leagtha amach san Acht Sláinte 2007, sna hAchtanna um Chúram Leanaí 1991 (arna leasú), in Acht na Leanaí 2001, san Acht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu 2004 agus san Acht um Míchumas 2005.

Leagtar amach sa Tuarascáil Bhliantúil seo obair HIQA ón 1 Eanáir go 31 Nollaig 2016, cuirtear i láthair í de réir riachtanas reachtúil an Achta Sláinte 2007, agus cuirtear san áireamh ann socruithe HIQA maidir le cloí leis an gCód Rialachais le haghaidh comhlachtaí poiblí a chur chun feidhme agus a chothabháil. Tuarascáil Bhliantúil ón bPríomhchigire Seirbhísí Sóisialta mar a cheanglaítear leis an Acht Sláinte 2007.

## 1.3 Ráiteas misin agus luachanna corparáideacha

Tá HIQA ann chun feabhsuithe inbhuanaithe a chur chun cinn, chun daoine a úsáideann seirbhísí sláinte agus cúraim sóisialta a chosaint agus chun tacú le cinntí eolasacha maidir leis an gcaoi ina seachadtar seirbhísí. Treoraíonn agus stiúrann an misean seo gach gníomhaíochta de chuid HIQA. Le luachanna corparáideacha, tá sé beartaithe go gcuirtear in iúl a bhfuil tábhachtach againn, conas a oibrímid agus an dearcadh ar mian linn a bheith ag páirtithe leasmhara seachtracha fúinn, chomh maith leis an éiteas agus an cur chuige a spreagaimid ár bhfoireann a bheith acu. Tá ár gcúig luach chorparáideacha léirithe thíos.




**Croíluachanna HIQA**

- **Tús áite a thabhairt do dhaoine** – Cuirimid riachtanais agus guthanna na n-úsáideoirí seirbhísí, agus na ndaoine a sholáthraíonn na seirbhísí, i lár ár gcuid oibre go léir.
- **Cothrom agus oibiachtúil** – Déanaimid ár ndícheall a bheith cothrom agus oibiachtúil agus muid ag déileáil le daoine agus le heagraíochtaí. Déanaimid ár gcuid oibre gan eagla nó fabhar.
- **Oscailte agus freagrach** – Déanaimid faisnéisfaoi chineál agus torthaí ár gcuid oibre a chomhroinnt. Glacaimid freagracht iomlán as ár ngníomhaíochtaí.
- **Sármhaitheas agus nuálaíocht** – Déanaimid ár ndícheall sármhaitheas inár gcuid oibre a bhaint amach. Bímid ag iarraidh feabhas a dhéanamh ar bhonn leanúnach trí fhéinmheastóireacht agus nuálaíocht.
- **Ag obair le chéile** – Bímid i dteagmháil le daoine a chuireann na seirbhísí ar fáil agus na daoine a úsáideann na seirbhísí maidir le gach gné dár gcuid oibre.

# Caibidil 2: Rialachas agus bainistíocht

## 2.1 Ár mBord

Is é an Bord comhlacht rialaithe HIQA agus bunaíodh é den chéad uair ar 15 Bealtaine 2007. Tá comhaltas an Bhoird comhdhéanta de Chathaoirleach agus 11 Stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin a bhí ceaptha ag an Aire Sláinte. Aithnítear go bhfuil taithí ar leith agus saineolas ag comhaltaí an Bhoird i gcúrsaí a bhaineann le feidhmeanna HIQA, agus tagann siad ó réimse gairmeacha agus tionscal sláinte agus cúraim shóisialta.

Bhí na daoine seo a leanas ar an mBord le linn 2016:



**Brian McEnery**
*Cathaoirleach*

Comhpháirtí i gCuntasóirí agus Comhairleoirí Gnó BDO. Uachtarán Domhanda ar Chumann na gCuntasóirí Cairte Deimhnithe. Comhalta de chuid na gCuntasóirí Cairte na hAstráile agus na Nua-Shéalainne. Comhalta de bhord NAMA agus Cathaoirleach ar Choiste Iniúchóireachta NAMA.



**Sheila O'Malley**

Iar-Phríomhoifigeach Altranais, An Roinn Sláinte. Iar-Uachtarán Bhord Altranais agus Cnáimseachais na hÉireann//Nursing and Midwifery Board of Ireland.



**An Dr David Molony**

GP agus Lia Ceirde, ball bunaitheora Ionad Cúram Sláinte Príomhúil Mheallaí (MPHC), oiliúnóir i scéim Ghairmoiliúint Thiar Theas, léachtóir taca sinsearach ag Scoil Leighis GEMS in Ollscoil Luimnigh agus ball de Choiste GP náisiúnta ag Eagraíocht Dhochtúirí na hÉireann.



**An Dr Una Geary**

Comhairleach i Leigheas Éigeandála in Ospidéal San Séamas, Baile Átha Cliath. Léachtóir Oinigh i Scoil an Leighis, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath.



**Anne Carrigy**

Iar-Cheann Náisiúnta ar Sheirbhísí Ospidéil Ghéarmhíochaine, FSS. Iar-Uachtarán Bhord Altranais agus Cnáimseachais na hÉireann/Nursing and Midwifery Board of Ireland.



**Bairbre O'Neill**

Abhcóide, ag cleachtadh sa réimse de dhlíthíocht sibhialtaagusbéim ar leith ar dhlíthíocht tráchtála agus athbhreithniú breithiúnach.



**Mary Fennessy**

Roimhe, iar-cheann oibrí sóisialta ag Seirbhísí Meabhair-Shláinte Lucena Leanaí agus Ógánach. Comhalta boird agus Coimisinéir den Choimisiúin um Fhiosrúchán faoi Mhí-Úsáid Leanaí. Cathaoirleach de Choiste Cuairte Phríosún Mhuinseo agus Ball den Choiste Sláinte ag Cumann Cógaiseoirí na hÉireann. Fónann sí ar choiste de chuid chomhlachta rialála na Comhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh CORU.



**Judith Foley**

Príomhoifigeach Oideachais Gníomhach, Roinn Oideachais Bhord Altranais agus Cnáimhseachais na hÉireann/Nursing and Midwifery Board of Ireland.



**An Dr Paula Kilbane**

POF Bhord Sláinte agus Seirbhísí Sóisialta Thoir i dTuaisceart Éireann agus Stiúrthóir Sláinte Poiblí de Bhord Sláinte Theas Thuaisceart Éireann. Ina stiúrthóir faoi láthair ar roinnt bord sna hearnálacha poiblí, príobháideacha agus carthanachta.



**Molly Buckley**

Altra sláinte poiblí. Leaschathaoirleach de Chomhairle na hÉireann um Thithíocht Shóisialta agus stiúrthóiragus cathaoirleach ag roinnt eagraíochtaí agus tionscadal náisiúnta agus idirnáisiúnta um chuimsiú sóisialta.



**Martin Sisk**

Aturnae. Stiúrthóir Neamhspleách Neamhfheidhmiúcháin an Bhoird Eatramhaigh ag Oifig Soláthar an Rialtais. Stiúrthóir Chonradh na hÉireann de Chomhair Chreidmheasa. Cathaoirleach Údarás Maoirseachta Iniúchóireachta agus Cuntasaíochta na hÉireann.



**Stephen O'Flaherty**

Cuntasóir cáilithe le Cumann na gCuntasóirí Cairte Deimhnithea bhí ag obair le Baincéireacht Ghnó AIB agus é anois ina stiúrthóir le BDO.

Tá an Bord freagrach as rialachas cuí an Údaráis um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte. Cinntíonn sé go bhfuil córais éifeachtacha rialaithe inmheánaigh, comhlíonadh reachtúil agus oibríochtúil agus bainistíocht riosca ag HIQA. Trí na nithe seo, soláthraítear na heilimintí riachtanacha de rialachas éifeachtach corparáideach agus comhlíonadh éifeachtach.

Sonraítear san Acht Sláinte 2007 go bhfuil Cód Rialachais ag HIQA ina bhfuil achoimre ar a rialuithe inmheánacha, lena n-áirítear a nósanna imeachta maidir le hiniúchadh inmheánach, bainistíocht riosca, soláthairtí poiblí agus tuairisciú airgeadais. Tá a chuid socruithe leagtha amach ag HIQA chun cloí leis an gCód Rialachais a chur i bhfeidhm agus a choinneáil mar chuid dá ráitis airgeadais bhliantúla.

## 2.2 Cruinnithe an Bhoird

Faoin Acht Sláinte 2007, tá ceanglas ar an mBord cruinnithe a reáchtáil sé huaire in aghaidh na bliana. Tionóladh dhá chruinniú Boird breise in 2016 d'fhonn cúrsaí suntasacha éagsúla a chur chun cinn (féach Aguisín 1 chun dátaí na gcruinnithe sin a aimsiú).

## 2.3 Coistí an Bhoird

Tá ceithre choiste Boird ann a bhfuil freagrachtaí sonracha orthu as tacú le gníomhaíochtaí an Bhoird maidir le HIQA a rialú:

- Déanann an **Coiste Rialála** maoirseacht ar éifeachtúlacht, rialachas, comhlíonadh agus rialuithe maidir le seachadadh fheidhmeanna rialála HIQA.
- Cuidíonn an **Coiste Iniúchóireachta, Riosca agus Rialachais** leis an mBord ina mheasúnú ar éifeachtúlacht na gcóras a bhunaigh Bainistíocht HIQA trí athbhreithniú a dhéanamh ar chuimsitheacht agus iontaofacht na rialaithe inmheánacha, agus ar dhearbhuithe ar rialachas, bainistíocht riosca, an timpeallacht rialaithe agus cruinneas agus iomláine na ráiteas airgeadais.
- Déanann an **Coiste Caighdeán, Faisnéise, Taighde agus Teicneolaíochta** maoirseacht ar na socruithe rialachais, lena n-áirítear comhlíonadh agus rialuithe, le haghaidh fheidhmeanna na forbartha caighdeán, na faisnéise sláinte agus fheidhmeanna measúnaithe na teicneolaíochta sláinte.
- Déanann an **Coiste Monatóireachta Acmhainní** monatóireacht ar riachtanais acmhainní HIQA lena chinntiú go bhfuil siad ag teacht le straitéis chorparáideach HIQA, lena n-áirítear maoirseacht a dhéanamh ar rioscaí a bhaineann le hacmhainní. Lena chois sin, déanann sé maoirseacht ar riachtanais eagraíochtúla agus ar fheidhmíocht na bainistíochta.

## 2.4 Struchtúr eagraíochtúil

Léiríonn struchtúr eagraíochtúil HIQA ár bhfeidhmeanna agus gníomhaíochtaí lárnacha um Rialacháin, Measúnú ar Theicneolaíocht Sláinte, Faisnéis Sláinte agus Feabhsú Caighdeán agus Cáilíochta, in éineacht leis na seirbhísí tacaíochta a chuireann ar ár gcumas ár gcuspóirí corparáideacha a bhaint amach. Ina measc siúd ná Oibríochtaí, Cumarsáid agus Rannpháirtíocht na bPáirtithe Leasmhara, agus Oifig an Phríomhfheidhmeannaigh. Tá an eagraíocht faoi stiúir Foireann Bainistíochta Feidhmiúcháin a fhaigheann tacaíocht ó bhainisteoirí sinsearacha eile atá freagrach as feidhmeanna an phríomhghnó.

Amhail Nollaig 2016 is iad seo a leanas na daoine atá ar Fhoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin HIQA:



**Phelim Quinn**

*Príomhfheidhmeannach*



**An Dr Máirín Ryan**

*Stiúrthóir Mheasúnú Teicneolaíochta Sláinte agus Leas-Phríomhfheidhmeannach*



**Mary Dunnion**

*Stiúrthóir Rialacháin agus Príomhchigire Seirbhísí Sóisialta*



**Rachel Flynn**

*Stiúrthóir Faisnéise Sláinte*



**Marie Kehoe-O'Sullivan**

*Stiúrthóir Caighdeán agus Feabhsú Cáilíochta*



**Sean Angland**

*Príomhoifigeach Oibriúcháin Gníomhach*

Léiríonn an tábla seo a leanas conas ndéanaimid ár bpríomhghnó.

## An cuspóir le gach Stiúrthóireacht fheidhmeach

### Rialachán

Monatóireacht a dhéanamh ar sheirbhísí sláinte géarmhíochaine, seirbhísí do leanaí agus clárú agus iniúchadh na seirbhísí cúraim shóisialta ainmnithe de réir na riachtanas dlíthiúl. Leanfaimid ar aghaidh le feabhas a chur chun tosaigh ar chaighdeán agus ar shábháilteacht na seirbhísí trí mhonatóireacht théamúil, agus leanfaimid ar aghaidh lenár gcuir chuige i ndáil le rialáil a fhorbairt, ar aon dul le beartas an rialtais atá ag teacht chun cinn agus le prionsabail náisiúnta agus idirnáisiúnta dhea-rialachán.

### Feabhas ar Chaighdeáin agus Cáilíocht

Tacú go gníomhach le cultúr feabhais sábháilteachta agus cáilíochta agus é a chumasú ar fud agus laistigh den chóras sláinte agus cúraim shóisialta; ag cabhrú le cumas agus acmhainn a fhorbairt sna daoine a sholáthraíonn seirbhísí; caighdeáin agus treoir náisiúnta a fhorbairt i gcomhairle le páirtithe leasmhara agus an soláthar de mhodheolaíochtaí agus uirlisí i ndáil le feabhsú cáilíochta; scéimeanna oibriúcháin atá dírithe ar shábháilteacht agus cáilíocht a áirithiú i soláthar seirbhísí.

### Faisnéis Sláinte

Easnaimh fhaisnéise sláinte a aithint agus comhairle a thabhairt orthu; creat rialachais faisnéise a chur ar bun agus caighdeáin a leagan síos le haghaidh faisnéise sláinte agus córas faisnéise sláinte; agus faisnéis a mheasúnú agus a sholáthar maidir le soláthar seirbhísí sláinte agus sóisialta.

### Measúnú Teicneolaíochta Sláinte

Bonn eolais a chur faoi chinnteoireacht náisiúnta maidir le húsáid na n-acmhainní inár seirbhísí sláinte, go háirithe tríd an measúnú (agus trí thacú leis an measúnú) ar éifeachtúlacht chliniciúil agus éifeachtúlacht costais na dteicneolaíochtaí sláinte, d'fhonn tacú leis an toradh is fearr don othar.

# Caibidil 3: Cuspóirí straitéiseacha agus éachtaí

## 3.1 Cuspóirí straitéiseacha

Ar 4 Aibreán 2016, d'fhoilsigh HIQA a Phlean Corparáideach 2016-2018. Leagtar amach sa Phlean Corparáideach an creat agus na cuspóirí a chuireann ar ár gcumas oibleagáidí reatha agus nua a chomhlíonadh.

Bhí an plean bunaithe ar an taithí atá againn i ndáil le hathbhreithniú agus imscrúdú a dhéanamh ar an gcóras sláinte agus cúraim shóisialta le naoi mbliana anuas, agus freisin ar a bhfuil soiléir mar na dúshláin reatha agus amach anseo atá le sárú ag an gcóras in Éirinn.

Léiríonn an Plean Corparáideach croíluachanna HIQA chun tús áite a thabhairt do dhaoine, a bheith cothrom agus oibiachtúil, ag díriú ar shármhaitheas agus nuálaíocht agus a bheith oscailte agus cuntasach. Déantar cur síos ann dár dtosaíochtaí do na trí bliana atá amach romhainn chun cur ar ár gcumas ár gcuspóirí corparáideacha straitéiseacha a bhaint amach.

Tá an ceart ag daoine a bheith ag súil le cúram atá sábháilte, éifeachtach agus ar ardchaighdeán. Tá córas sláinte agus cúraim shóisialta eolasach beartaithe ag HIQA, a sheachadann cúram agus tacaíocht níos sábháilte, ag caighdeán níos airde. LeanfaidhHIQA ar aghaidh le bheith ina fhórsa tiomána lárnach maidir le feabhas i dtreo na físe sin. Tá sé mar aidhm leis an bPlean Corparáideach tacú leis an earnáil shláinte agus chúraim shóisialta sna dúshláin atá roimhe, agus ag cinntiú go mbíonn daoine a úsáideann seirbhísí fós ag croílár ár gcuid oibre.

Tá cúig phríomhghníomhaíochtaí ag HIQA atá dírithe ar a chuspóirí straitéiseacha a bhaint amach. Déantar achoimre ar na cuspóirí straitéiseacha thíos agus léirítear iad freisin in Aguisín 2

1. **Comhairle a thabhairt ar úsáid éifeachtach na faisnéise i seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta.**
   - I gcaitheamh na dtrí bliana atá amach romhainn, déanfaidh HIQA an méid seo a leanas:
     - ceannaireacht a sholáthar i ndáil leis an tírdhreach faisnéise sláinte in Éirinn a shainmhíniú trí thionchar a bheith aige ar bheartas agus ar reachtaíocht trí dhul i dteagmháil le páirtithe eolasacha agus le páirtithe leasmhara agus trí mholtaí a fhorbairt
     - cur le forbairt ar na boinn atá riachtanach chun r-Shláinte in Éirinn a éascú agus tacú le dul chun cinn leis an straitéis r-Shláinte a chur i bhfeidhm trí chaighdeáin teicniúla agus faisnéise a fhorbairt
     - feabhsuithe ar chaighdeán na faisnéise sláinte a chur chun cinn le tacú a chur faoi sheachadadh chúraim shábháilte, cinnteoireachta eolasaí, agus monatóireachta, pleanála agus rialaithe ag HIQA.

**2. Measúnú a dhéanamh ar theicneolaíochtaí sláinte.**

- I gcaitheamh na dtrí bliana atá amach romhainn, déanfaidh HIQA an méid seo a leanas:
    - measúnuithe teicneolaíochta sláinte ardchaighdeáin (HTAnna) a tháirgeadh atá dírithe chun bonn eolais a chur faoi mhórchinntí beartais shláinte agus seirbhíse sláinte
    - leanúint le hacmhainn a thógáil chun HTA a stiúradh agus a úsáid ar fud an chórais shláinte.

**3. Caighdeáin a shocrú le haghaidh seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta.**

- I gcaitheamh na dtrí bliana atá amach romhainn, déanfaidh HIQA an méid seo a leanas:
    - oibriú leo siúd a mhaoiníonn, a phleanálann, a chuireann ar fáil agus a úsáideann seirbhísí chun na réimsí a aithint agus a chur in ord tosaíochta ina ndéanfaidh HIQA caighdeáin agus treoir a fhorbairt nó a athbhreithniú
    - feabhsú cáilíochta i seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta a chur chun cinn de réir tosaíochtaí a aithníodh.

**4. Seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta a rialú.**


- I gcaitheamh na dtrí bliana atá amach romhainn, déanfaidh HIQA an méid seo a leanas:
    - a chlár rialála a chur i gcrích agus a fhorbairt ar aon dul lena shainordú dlíthiúil
    - an bunathrú chun feabhais ar an gcóras sláinte agus cúraim shóisialta a chur san áireamh, ag obair leis an rialtas lena áirithiú go gcomhlíonann ár n-acmhainní agus próisis an réimse seirbhísí (reatha agus amach anseo) atá faoi shainchúram HIQA
    - faisnéis a úsáid chun seirbhísí atá ag teip orthu nó ar dócha go dteipfeadh orthu a thuar agus freagairt orthu

**5. Caidrimh thrédhearcacha, chuiditheacha a thógáil chun feabhas a chur chun cinn**

- I gcaitheamh na dtrí bliana atá amach romhainn, déanfaidh HIQA an méid seo a leanas:
    - caidrimh atá ann cheana féin a chothabháil agus iarracht a dhéanamh caidrimh nua a fhorbairt a dhíríonn ar shábháilteacht agus cáilíocht na seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta a fheabhsú.
    - teagmháil ghníomhach a dhéanamh leis an bpobal agus lenár bpáirtithe leasmhara chun obair HIQA a chur in iúl, lena n-áirítear faisnéis shoiléir a fhoilsiú ar bhealach inrochtana.

## 3.2 Achoimre ar éachtaí ó 1 Eanáir go dtí 31 Nollaig 2016

- Rinneamar 750 iniúchadh ar ionad ainmnithe do leanaí agus do dhaoine fásta faoi mhíchumas in 2016. Ag deireadh na bliana 2016, tá 701 ionad ainmnithe do dhaoine faoi mhíchumas cláraithe le HIQA.
- D’fhoilsíomar an chéad tuarascáil achoimre ar rialachán míchumas in 2016. Léiríodh sa tuarascáil an chaoi ar tháinig athrú cultúrtha san earnáil mar thoradh ar na seirbhísí míchumais a rialú.
- Rinneamar 608 cigireacht in ionaid ainmnithe do dhaoine scothaosta in 2016; agus 107 acu siúd ag díriú go sonrach ar chúram néaltraithe.
- D’fhoilsíomar ár dtuarascáil achoimre bhliantúil ar rialú na n-ionad ainmnithe do dhaoine scothaosta le haghaidh 2015, ag leagan béime ar an bhfíric go bhfuil rialachas agus ceannaireacht mar bhonn i ndáil le cáilíocht an chúraim a sholáthraítear chónaitheoirí.




**Grafaic faisnéise achoimre daoine scothaosta 2015**

- D'fhoilsíomar *National Standards for Residential Care Settings for Older People in Ireland* athbhreithnithe, tháinig i bhfeidhm ar 1 Iúil 2016.
- Rinneamar 66 cigireacht in ospidéil phoiblí ghéarmhíochaine, mar chuid dár gclár le haghaidh monatóireachta, in aghaidh *National Standards for the Prevention and Control of Healthcare Associated Infections* and *National Standards for Safer Better Healthcare*.
- D'fhoilsíomar athbhreithniú ar conas a dhéanann ospidéil phoiblí ghéarmhíochaine othair a chosaint ón mbagairt atá ag fás ó fhrithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbaigh. Fuaireamar, cé go bhfuil dul chun cinn déanta in ospidéil níos mó i ndáil le dea-chleachtas a chur i bhfeidhm in antaibheathaigh a bhainistiú agus a úsáid, bhí éagsúlacht i méid an dul chun cinn a aithníodh ar fud na tíre, agus bhí roinnt ospidéal níos nach raibh bearta sábháilte agus inbhuanaithe i bhfeidhm acu chun othair a chosaint.
- Fuaireamar inár dtuarascáil ar chothú agus hiodráitiú in ospidéil phoiblí ghéarmhíochaine go bhfuil tionchar ag mhíchothú ar dhuine as gach ceathrar othar a thugtar isteach san ospidéal. Rinneamar 27 cigireacht faoin téama cothaithe agus hiodráitithe in ospidéil phoiblí ghéarmhíochaine.
- Rinneamar 53 iniúchadh ar sheirbhísí a cuireadh ar fáil do leanaí 2016.
- Chuireamar tús le hathbhreithniú ar na socruithe rialachais atá i bhfeidhm sa tseirbhís um chosaint agus leas leanaí de chuid na Gníomhaireachta um Leanaí agus an Teaghlach (Tusla) d'fhonn a áirithiú go bhfuil seirbhís shábháilte, thráthúil agus éifeachtach á seachadadh chun freastal ar riachtanais na leanaí.
- D'fhoilsíomar achoimre ar ár ngníomhaíocht rialála do sheirbhísí leanaí do 2015, ina bhfuarthas neamhréireacht i gcaighdeán na seirbhísí do leanaí atá á soláthar ar fud na tíre.
- D'fhoilsíomar an treoir *Supporting people's autonomy* do sholáthraithe seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta do dhaoine fásta chun cuidiú le seirbhísí a léiriú conas a léiríonn siad meas ar dhínit an duine, conas a sholáthraíonn siad cúram láraithe ar an duine, agus conas a chinntíonn siad próiseas toilithe eolasach ina bhfuil luach ar rogha phearsanta agus ar chinnteoireacht.



- Sheolamar *National Standards for Safer Better Maternity Services* ar 21 Nollaig 2016.
- D'fhoilsíomar roinnt doiciméad le haghaidh comhairliúchán poiblí, lena n-áirítear iad seo a leanas;

  *Draft revision of the national standards for the prevention and control of Healthcare Associated Infections in acute healthcare services*

  *Draft Information Management Standards for National Health and Social Care Data Collections*

  *Revision of the Draft National Standard Demographic Dataset and Guidance for use in health and social care settings in Ireland*

  *Draft National Standards for the Conduct of Reviews of Patient Safety Incidents.*

- Thacaíomar le cur i bhfeidhm náisiúnta de r-oideasú trí chomhairliúchán poiblí ar dhréacht den *National Standard for a Dispensing Note Dataset* lean n-áirítear sonraíocht *Clinical Document Architecture specification*.
- Foilsíodh na 10 *Recommendations on the coordination of patient safety intelligence in Ireland* in Eanáir 2016, a áiríonn togra do shamhail nua le faisnéis sábháilteachta othar in Éirinn a chomhordú agus an cur chun feidhme agus an feidhmiú céimneach den chóras náisiúnta um bainistiú teagmhas.
- D'fhoilsíomar athbhreithniú idirnáisiúnta ar, agus dréachtchaighdeáin bhainistíochta faisnéise do, bhailiúcháin sonraí sláinte náisiúnta agus cúraim shóisialta chun caighdeán na faisnéise agus na sonraí sláinte náisiúnta a fheabhsúrud a chuireann leis anseachadadh de chúram sláinte sábháilte agus iontaofa.
- Chuireamar tús le hobair fhorbartha don chéad Shuirbhé Náisiúnta Eispéireas Othar riamh in Éirinn, in 2017.
- Foilsíodh *Guide to Health Technology Assessment at HIQA* i nDeireadh Fómhair 2016.
- Shíníomar conradh leis an mBord Taighde Sláinte (HRB) chun an fhianaise a sholáthar do threoirlínte cliniciúla a fhorbraítear don Choiste um Éifeachtúlacht Náisiúnta Chliniciúil. Leis an gconradh cúig bliana, ar fiú €2.25 milliún é, cuirfear an HRB-Comhoibriú in Éirinn ar bun le haghaidh Athbhreithnithe um Éifeachtúlacht Chliniciúil (HRB-CICER).

National Patient Experience Survey

**POF Phelim Quinn agus Leigh Gath, an Faighteoir Rúnda, ag an síniú den Mheabhrán Tuisceana idir HIQA agus an Faighteoir Rúnda**






**Phelim Quinn, POF HIQA agus an Dr Niall Muldoon, Ombudsman do Leanaí ag síniú an Mheabhráin Tuisceana idir HIQA agus Oifig an Ombudsman do Leanaí ar 24 Deireadh Fómhair 2016**

- Shíníomar roinnt Meabhrán Tuisceana i rith na bliana chun comhroinnt faisnéise le roinnt eagraíochtaí a éascú, lena n-áirítear:
  - an Roinn Sláinte agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) chun tacú le forbairt maidir le Suirbhé Náisiúnta Eispéireas Othar,
  - Leigh Gath, an Faighteoir Rúnda,
  - Oifig an Ombudsman do Leanaí (OCO),
  - Bord Altranais agus Cnáimhseachais na hÉireann (NMBI).
- Thángamar roimh an gComhchoiste Oireachtais ar Shláinte i Nollaig 2016 chun plé a dhéanamh ar Scéim Ghinearálta an Bhille um Fhaisnéis Shláinte agus Sábháilteacht Othar.

# Caibidil 4: Gníomhaíochtaí de réir Stiúrthóireachta

Taifeadtar sa chaibidil seo den Tuarascáil Bhliantúil an obair a rinne ár Stiúrthóireachtaí in 2016 chun na cuspóirí straitéiseacha atá leagtha amach sa Phlean Corparáideach HIQA 2016 – 2018 a chur chun tosaigh.

## 4.1 Tuarascáil ó Oifig an Phríomhchigire Seirbhísí Sóisialta (Rialáil)

Tá an Stiúrthóireacht um Rialáil laistigh de HIQA freagrach as cáilíocht agus sábháilteacht na seirbhísí sonraithe sláinte agus cúraim shóisialta ar fud na hÉireann a rialáil.[1]

During 2016, the Directorate was restructured into the four separate pillars of regulation;

I rith 2016, rinneadh athstruchtúrú ar an Stiúrthóireacht isteach sna ceithre cholún rialála ar leithligh;

4.1.1 Ionaid ainmnithe do dhaoine scothaosta

4.1.2 Ionaid ainmnithe do dhaoine faoi mhíchumas

4.1.3 Cúram sláinte

4.1.4 Seirbhísí do leanaí.

Tá na colúin seo tacaithe ag na foirne um Fhorbairt Chleachtais Rialála agus um Sheirbhísí Gnó.

Déanaimid ár gcuspóirí straitéiseacha a chomhlíonadh trínár gníomhaíocht rialála trína chinntiú go ndéantar cúram a fheabhsú, daoine a chosaint, go gcuirtear daoine ar an eolas, agus go mbíonn tionchar againn ar an gcaoi a ndéantar cinntí beartais agus seirbhíse.

Déanann an Stiúrthóireacht um Rialachán trí chineál iniúchtaí éagsúla:

- Iniúchtaí clárúcháin chun bonn eolais a chur faoi chinneadh i ndáil le hiarratas le clárú.
- Iniúchtaí monatóireachta chun monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh leanúnach rialachán agus caighdeán. Déantar líon ar leith réimsí torthaí a mheas le linn na n-iniúchtaí seo.
- Iniúchtaí téamacha chun díriú ar réimsí ar leith; mar shampla, iniúchtaí téamacha néaltraithe.


---

1 Is é atá sa chuid seo den tuarascáil tuairisc an Phríomhchigire Seirbhísí Sóisialta, agus baineann sé lenár bhfreagrachtaí as tuairisciú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí na hoifige faoi Alt 37 den Acht Sláinte2007.

Mar aon le hiniúchtaí a dhéanamh, faighimid faisnéis, agus déanaimid an fhaisnéis a fhaighimid ó réimse foinsí a anailísiú agus a mheasúnú ó thaobh riosca de. Tá tuilleadh eolais maidir le cáilíocht, sábháilteacht agus eispéireas na gcónaitheoirí ríthábhachtach i rialáil seirbhísí. Áirítear leis seo fógraí ó sholáthraithe a bhaineann le himeachtaí sonracha atá leagtha amach sna rialacháin. Mar an gcéanna, cuireann cónaitheoirí, úsáideoirí seirbhísí, gaolta, foireann, abhcóidí nó tríú páirtithe a mbíonn teagmháil dhíreach acu le cónaitheoir nó le cónaitheoirí faisnéis isteach chuig HIQA trínár bhfoireann Cúraimí. Úsáidtear an fhaisnéis go léir chun bonn eolais a chur faoinár measúnú ar chomhlíonadh agus riosca laistigh de sheirbhísí, agus bonn eolais breise a chur faoinár gclár monatóireachta agus iniúchóireachta.

### 4.1.1 Rialáil ionad ainmnithe do dhaoine scothaosta

Amhail 31 Nollaig 2016, bhí 580 ionad ainmnithe gníomhach cláraithe do dhaoine scothaosta, ag soláthar 30,396 leaba cláraithe. Léiríonn Léaráid 1 miondealú ar mhéid na n-ionad cláraithe de réir líon na leapacha.





Fíor 1: **Líonta leapacha in ionaid chláraithe ainmnithe do dhaoine scothaosta, amhail 31 Nollaig 2016**

I measc na n-ionad do dhaoine scothaosta tá seirbhísí faoisimh cónaithe agus cónaithe ionadbhunaithe atá:

- tithe altranais a oibrítear go príobháideach mar a shainmhínítear san Acht Sláinte (Tithe Altranais), 1990 (príobháideach)
- oibrithe ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) (poiblí)
- oibrithe ag comhlachtaí a fhaigheann maoiniú ón FSS (deonach).

Is iad soláthraithe príobháideacha a sholáthraíonn formhór na seirbhísí cónaitheacha, agus tá na seirbhísí cónaitheacha eile á mbainistiú ag an FSS agus ag eagraíochtaí deonacha. Léirítear i Léaráid 2 líon na n-ionad oibrithe faoi na socruithe seo.




Fíor 2: **Líon agus céatadán na n-ionad ainmnithe cláraithe do dhaoine scothaosta (de réir cineál soláthraí) faoin 31 Nollaig 2016** [2]

I rith 2016, rinne foireann na nDaoine Scothaosta 608 iniúchadh in 494 ionad. Cé gur rinneadh an chuid is mó de na hiniúchtaí chun monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh na rialachán agus na gcaighdeán náisiúnta[3], dhírigh 170 iniúchadh go sonrach ar réimse an chúraim néaltraithe. Léirítear i Léaráid 3 miondealú ar na cineálacha iniúchtaí a rinneadh in 2016.


**Sheol an Coiste Náisiúnta Cosanta a Phlean Straitéiseach 2017-2021 chun a chuid oibre le daoine fásta leochaileacha a threorú sna cúig bliana amach romhainn. Sa phictiúr ag an seoladh an 20 Nollaig 2016 i mBaile Átha Cliath tá POF HIQA Phelim Quinn, comhalta Coiste; Breitheamh Mary Laffoy Uas Onórach, Breitheamh Chúirt Uachtarach na hÉireann, a sheol an straitéis; agus Patricia Rickard-Clarke, Cathaoirleach neamhspleách an Choiste. Le tuilleadh eolais a fháil, féach www.safeguardingcommittee.ie**



2 Foráiltear le hAlt 38 den Acht Sláinte 2004 gur féidir socrú a bheith ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) le duine chun seirbhís shóisialta sláinte nó phearsanta a chur ar fáil ar son an FSS.


Foráiltear le hAlt 39 den Acht Sláinte 2004 gur féidir leis an FSS cúnamh a chur ar fáil do dhuine nó comhlacht ar bith a sholáthraíonn seirbhís chomhchosúil don FSS.

3 Tháinig *National Standards for Residential Settings for Older People in Ireland* athbhreithnithe i bhfeidhm an 1 Iúil 2016.





Fíor 3: **Cineálacha iniúchtaí a rinneadh in 2016**

As an 608 iniúchadh a rinneadh, rinneadh trí cinn as gach ceithre iniúchadh (74%) gan fhógra. Rinneadh níos mó ná ceann amháin as gach ceithre ceann (26%) le fógra. Cé go dtuigeann HIQA go soláthraíonn iniúchtaí gan fhógra aireachtáil de dhearbhú níos mó don phobal, úsáidtear iniúchtaí le fógra chun athbhreithniú ar fhaisnéis roimh iniúchadh a éascú agus chun rannpháirtíocht níos mó na gcónaitheoirí agus na ngaolta a éascú trína gcur ar an eolas maidir le tráth a bheidh na cigirí i láthair sa tseirbhís thar thréimhse ama ar leith.




Fíor 4: **Líon na n-iniúchtaí le fógra agus gan fhógra a rinneadh in 2016**

Tugadh dhá chuairt nó níos lú ar fhormhór na n-ionad (481) le linn 2016. Mar sin féin, tugadh trí chuairt nó níos mó ar 13 ionad le linn na bliana. Ina measc siúd bhí cuairteanna leantacha nuair a rinneadh athbhreithniú in áiteanna ina raibh fheabhsú ag teastáil tar éis iniúchta roimhe sin.





Léaráid 5: **Líon na gcuairteanna iniúchta in aghaidh an ionaid a ndearnadh iniúchadh air in 2016**

## 4.1.2 Rialáil na n-ionad ainmnithe do dhaoine (daoine fásta agus leanaí) faoi mhíchumas


Tá 1,055 ionad faoi láthair a sholáthraíonn seirbhísí do dhaoine fásta agus do leanaí faoi mhíchumas. Cé go soláthraíonn an chuid is mó de na hionaid ainmnithe seo seirbhísí do dhaoine fásta nó seirbhísí do mheascán de dhaoine fásta agus leanaí, baineann 69 ionad go sonrach le leanaí faoi mhíchumas.

Le hachtú an Bhille Sláinte (Leasú) 2016 (Leasú ar alt 69 den Acht Sláinte 2007) in Iúil 2016, cuireadh síneadh dhá bhliain leis an spriocdháta do sholáthraithe seirbhísí cónaitheacha do dhaoine faoi mhíchumas chun an próiseas clárúcháin a chur i gcrích le HIQA, go dtí 31 Deireadh Fómhair 2018.

Ag deireadh 2016, bhí 701 ionad ainmnithe do dhaoine faoi mhíchumas cláraithe le HIQA. Soláthraíonn an 701 ionad sin iomlán de 5,285 áit chónaithe. Meastar go mbeidh 354 ionad breise cláraithe faoi alt 69 den Acht Sláinte 2007, ach níor thug siad an próiseas clárúcháin chun críche fós le HIQA.





**Grafaic faisnéise thuarascáil achoimre mhíchumais 2015**




Léaráid 6: **Miondealú ar sholáthraithe na n-ionad do dhaoine faoi mhíchumas**[4]

Le linn 2016, rinneadh 750 iniúchadh ar ionaid do dhaoine faoi mhíchumas. Rinneadh na hiniúchtaí sin trí iniúchtaí monatóireachta, nó trí iniúchtaí chun bonn eolais a chur faoi chinneadh clárúcháin.





Léaráid 7: **Cineálacha iniúchtaí a rinneadh in 2016**

As an 750 iniúchadh a rinneadh, fógraíodh 42% díobh. Ciallaíonn sin go raibh an soláthraí ar an eolas faoi dháta chuairt na gcigirí. Rinneadh an 58% eile gan fhógra.


4 Foráiltear le hAlt 38 den Acht Sláinte 2004 gur féidir socrú a bheith ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) le duine chun seirbhís shóisialta sláinte nó phearsanta a chur ar fáil ar son an FSS.

Foráiltear le hAlt 39 den Acht Sláinte 2004 gur féidir leis an FSS cúnamh a chur ar fáil do dhuine nó comhlacht ar bith a sholáthraíonn seirbhís chomhchosúil don FSS.




Léaráid 8: **Líon na n-iniúchtaí le fógra agus gan fhógra a rinneadh in 2016**

Léirítear i Léaráid 9 nach raibh iliniúchtaí leantacha ag teastáil maidir leis an gcuid is mó d'ionaid ar tugadh cuairt orthu in 2016.





Léaráid 9: **Líon na gcuairteanna iniúchta in aghaidh an ionaid a ndearnadh iniúchadh air in 2016**

### 4.1.3 Faisnéis (fógraí rialaitheacha) a iarradh agus nár iarradh a fuarthas maidir le hionaid ainmnithe do dhaoine scothaosta agus do dhaoine faoi mhíchumas

Príomhghníomhaíocht mhonatóireachta is ea fáil agus measúnú faisnéise. Cuireann an fhaisnéis seo HIQA ar an eolas faoin mbaol go dtarlódh teagmhais dhíobhálacha nó teagmhais a d'fhéadfadh a bheith díobhálach a raibh tionchar nó a d'fhéadfadh tionchar a bheith acu ar shláinte, sábháilteacht agus leas na gcónaitheoirí. Déantar an fhaisnéis go léir a fhaigheann HIQA a admháil, a thaifeadadh, a mheasúnú ó thaobh riosca de agus a úsáid chun bonn eolais a chur faoi ghníomhaíocht mhonatóireachta bhreise, lena n-áirítear iniúchóireacht, de réir mar is gá.

Ceanglaítear le Rialacháin an Achta Sláinte 2007 (Cúram agus Leas Daoine Scothaosta) (2013) go gcuirfidh soláthraithe agus daoine atá i gceannas na n-ionad ainmnithe ar an eolas muid faoi theagmhais ar leith. Dá réir sin, ní mór do gach ionad ainmnithe do dhaoine scothaosta agus do dhaoine faoi mhíchumas fógraí a sheoladh chuig HIQA. Áirítear leis sin athruithe ar shonraí a bhaineann leis an eolas atá foilsithe ar chlár an HIQA don ionad (fógraí clárúcháin), agus fógraí ar aon dul leis na rialacháin um chúram agus leas (fógraí monatóireachta).


Le linn 2016, fuaireamar 24,124 fógra (Fíor 10[5]). Áiríodh leis sin 10,931 fógra monatóireachta ar aon dul leis na rialacháin um chúram agus leas.





Léaráid 10: **Fógraí rialála de réir chineáil**

5 Tá fógraí rangaithe mar "eile" comhdhéanta de thuairisceáin bhliantúla áitíochta d'ionaid mhíchumais atá ag feidhmiú faoi Alt 69 den Acht Sláinte, Tuairisceáin Ráithiúla, Tuairisceáin Neamhní.

Déantar miondealú breise i Léaráid 11 ar na cineálacha fógraí a fuarthas le haghaidh ionad do dhaoine scothaosta, agus tugtar na sonraí i Léaráid 12 le haghaidh ionad do dhaoine faoi mhíchumas.





Léaráid 11: **Ionaid ainmnithe do dhaoine scothaosta – fógraí rialála de réir chineáil**




Léaráid 12: **Ionaid ainmnithe do dhaoine faoi mhíchumas – fógraí rialála de réir chineáil**

Fuair ár bhfoireann Cúraimí 945 píosa faisnéise nár iarradh le linn na bliana le haghaidh ionad ainmnithe do dhaoine scothaosta agus do dhaoine faoi mhíchumas. Is í faisnéis nár iarradh faisnéis a thugann an pobal dúinn, a bhfuil imní orthu nó a bhfuil saincheist acu leis an gcúram a chuirtear ar fáil do chónaitheoirí. Úsáidtear an fhaisnéis chun tacaíocht a thabhairt dár gclár iniúchta. Déantar measúnú o thaobh riosca de ar gach mír d'fhaisnéis nár iarradh agus déanann HIQA beart cuí. Léirítear i Léaráid 13 líon na n-ábhar imní a fuarthas le haghaidh ionad do dhaoine scothaosta agus do dhaoine faoi mhíchumas.




Fíor 13: **Ábhair imní de réir earnála rialaithe**

## 4.1.4 Soláthar cláir dearbhaithe i ndáil le cáilíocht agus sábháilteacht na seirbhísí cúram sláinte atá sainithe in Éirinn

Faoin Acht Sláinte 2007, tá HIQA freagrach as caighdeáin maidir le cáilíocht agus sábháilteacht na seirbhísí cúram sláinte a fhorbairt agus as monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh na gcaighdeán. Faoin Acht, ní mór dúinn freisin imscrúdú a dhéanamh ar shábháilteacht, ar cháilíocht agus ar chaighdeáin na seirbhísí cúram sláinte má creidimid go bhfuil baol dáiríre ann do shláinte agus do leas na n-othar. In 2016, rinneadh 66 iniúchadh mar chuid den obair seo. Áiríodh leo siúd:




- 32 measúnú monatóireachta ar an láthair in aghaidh *National Standards for the Prevention and Control of Healthcare Associated Infections* agus foilsíodh tuarascáil achoimre ar ár dtorthaí 2015 sa réimse seo.
- 27 iniúchadh faoin téama cothaithe agus hiodráitithe mar atá san *National Standards for Safer Better Healthcare*, agus foilsíodh tuarascáil achoimre.
- Athbhreithniú náisiúnta ar mhaoirseacht fhrithmhiocróbach in ospidéil phoiblí ghéarmhíochaine faoin *National Standards for the Prevention and Control of Healthcare Associated Infections*. Cinntíonn maoirseacht fhrithmhiocróbach an úsáid is fearr as cógais fhrithmhiocróbacha chun ionfahbhtú a chóireáil agus a chosc. Mar thoradh air seo, bíonn torthaí níos fearr d'othair, frithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbaigh laghdaithe agus costais chóireála laghdaithe.




**Grafaic faisnéise achoimre ar chosc agus rialú ionfhabhtaithe 2015**


- Tar éis tacaíocht a fháil ó ghrúpa comhairleach seachtrach agus rannpháirtíocht fhairsing le páirtithe leasmhara, cheapamar clár nua monatóireachta le haghaidh sábháilteachta cógais faoin *National Standards for Safer Better Healthcare*. Tríd an gclár nua, beidh cur chuige céimnithe i gceist chun monatóireacht a dhéanamh ar shábháilteacht cógais chun feabhas céim ar chéim a spreagadh sna córais sábháilteachta chógais atá i bhfeidhm in ospidéil phoiblí ghéarmhíochaine. Beidh an chéad chéim dírithe ar dtús ar na bunriachtanais rialachais agus struchtúir chun tacú le clár sábháilteachta cógais. D'fhoilsíomar treoir ar shábháilteacht cógais a mhonatóiriú in ospidéil phoiblí ghéarmhíochaine agus chríochnaíomar seacht n-iniúchadh faoi dheireadh 2016. Foilseofar na chéad tuarascálacha ar shábháilteacht cógais go luath in 2017.




Léaráid 14: **Cineál iniúchtaí a rinne an fhoireann Chúram Sláinte in 2016**

I dteannta na n-iniúchtaí thuasluaite, áiríodh inár gclár monatóireachta na nithe seo a leanas freisin:

- Athbhreithniú leantach chun dul chun cinn a mheasúnú maidir le dul i ngleic le hábhair imní sábháilteachta ardriosca atá aitheanta i dtuarascáil a rinne HIQA roimhe seo ar chúram éigeandála réamhospidéil. Foilseofar an t-athbhreithniú sin in 2017.



- Measúnú ar dhul chun cinn maidir le cur chun feidhme ocht moladh ó *Report of the investigation into the safety, quality and standards of services provided by the Health Service Executive to patients in the Midland Regional Hospital, Portlaoise* 2015 de chuid HIQA. Fuarthas inár n-athbhreithniú 2016 go bhfuil seirbhísí máithreachais san ospidéal á gcur ar fáil anois ar bhealach níos sábháilte agus níos inbhuanaithe mar gheall ar cheannaireacht, rialachas agus bainistíocht fheabhsaithe laistigh den tseirbhís, mar aon le hinfheistíocht mhéadaithe, agus feabhas ar an gcóimheas idir foireann agus breitheanna. Mar sin féin, tá go leor de na rioscaí a aithníodh le linn an imscrúdaithe in 2015 maidir le seirbhísí ginearálta gan athrú, lena n-áirítear cúram criticiúil agus seirbhísí éigeandála d'othair a bhfuil aon leibhéal tromchúise nó déine tinnis nó gortaithe orthu. Foilsíodh an t-athbhreithniú, *Review of progress made at the Midland Regional Hospital, Portlaoise*, ina gcuireadh chun feidhme na moltaí ó imscrúdú HIQA, ar 5 Nollaig 2016.

- Measúnú ar dhul chun cinn maidir le cur chun feidhme na moltaí ó *Review of pre-hospital emergency care services to ensure high quality in the assessment, diagnosis, clinical management and transporting of acutely ill patients to appropriate healthcare facilities* 2014 de chuid HIQA. Foilseofar an t-athbhreithniú sin in 2017.

- Fuair ár bhfoireann Cúraimí 306 píosa faisnéise nár iarradh ón bpobal le linn na bliana a bhain le seirbhísí cúraim shláinte. Úsáidtear an fhaisnéis seo chun tuilleadh tacaíochta a thabhairt dár gclár monatóireachta.


### 4.1.5 Soláthar cláir dearbhaithe agus rialála maidir le cáilíocht agus sábháilteacht na seirbhísí sainithe sláinte agus cúraim shóisialta leanaí in Éirinn.

Déanann ár bhfoireann náisiúnta Leanaí monatóireacht agus iniúchadh ar réimse seirbhísí a chuireann soláthraithe reachtúla agus neamhreachtúla ar fáil do leanaí. Áirítear iad seo a leanas ar na seirbhísí:


- Ionaid chónaitheacha leanaí (reachtúil)
- Aonaid chúraim speisialta
- Scoil choinneála leanaí
- Seirbhísí cosanta leanaí agus leasa
- Seirbhísí cúram altrama (reachtúil agus príobháideach).

Tá a chreat reachtúil féin ag gach seirbhís a thugann údarás do HIQA chun monatóireacht agus iniúchadh a dhéanamh ar an tseirbhís, ag baint úsáid as caighdeáin agus, nó rialacháin a leagann amach an méid a bhfuiltear ag súil leis ón tseirbhís sin. I measc na ngníomhaíochtaí rialála a rinne foireann na Leanaí i rith 2016 bhí:

- Rinneadh 40 iniúchadh i ngach ceann de 35 ionad cónaitheach reachtúil do leanaí. Bhí tríocha de na hiniúchtaí sin ina n-iniúchtaí iomlána i gcoinne gach ceann de na caighdeáin, agus bhí 10 n-iniúchadh ina n-iniúchtaí leantacha chun an dul chun cinn a bhí déanta ó iniúchtaí roimhe sin in 2016 a mheasúnú.
- Rinneadh seacht n-iniúchadh i seirbhísí cúraim altrama; trí cinn i seirbhísí cúraim altrama príobháideacha agus ceithre cinn i seirbhísí reachtúla cúraim altrama.
- Rinneadh iniúchtaí cosanta agus leasa leanaí i dtrí limistéar seirbhíse de chuid na Gníomhaireachta um Leanaí agus an Teaghlach (Tusla). Chomhlíon sé sin an chéad timthriall d'iniúchtaí ar sheirbhísí cosanta agus leasa leanaí sna 17 limistéar seirbhíse go léir, ar cuireadh tús leis i mí na Samhna 2012.
- Iniúchtaí bliantúla i ngach ceann de thrí aonad cúraim speisialta na tíre.
- Fuarthas agus rinneadh measúnú ar 83 píosa faisnéise nár iarradh ó bhaill foirne, ó leanaí a úsáideann seirbhísí, agus ón bpobal. Fuaireamar freisin 44 fógra ó Tusla. Ní mór do Tusla HIQA a chur ar an eolas faoi bhásanna agus tarluithe tromchúiseacha a bhaineann le leanaí faoi chúram agus le leanaí a bhfuil aithne ag an tseirbhís chosanta agus leasa leanaí orthu. Úsáidtear an fhaisnéis go léir a fhaightear chun tuilleadh tacaíochta a thabhairt dár gclár monatóireachta.




**Grafaic faisnéise achoimre seirbhísí leanaí 2015**




Léaráid 15: **Cineálacha iniúchtaí a rinne ár bhfoireann Leanaí in 2016**

I dteannta na n-iniúchtaí thuas, áiríodh lenár gclár rialála na nithe seo a leanas:

- Rinneamar athbhreithniú ar obair an Phainéil Náisiúnta Athbhreithnithe, a imscrúdaíonn teagmhais thromchúiseacha, lena n-áirítear básanna leanaí faoi chúram agus a bhfuil aithne ag an gcóras um chosaint leanaí orthu. Rinneadh an t-athbhreithniú i gcoinne na bprionsabal atá leagtha amach sa Treoir don Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach ar Fheidhmiú an Phainéil Náisiúnta Athbhreithnithe 2014.
- Chuireamar tús le hathbhreithniú ar na socruithe rialachais atá i bhfeidhm i seirbhís chosanta agus leasa leanaí na Gníomhaireachta um Leanaí agus an Teaghlach (Tusla) chun seirbhís shábháilte, thráthúil agus éifeachtach a áirithiú.
- D'oibríomar leis an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige chun aistriú na feidhme clárúcháin agus iniúchta ó Tusla go dtí HIQA a phleanáil le haghaidh ionad cónaitheach leanaí neamhreachtúil.
- Mar gheall ar an athbhreithniú seachtrach ar Champas Coinneála Leanaí Bhaile an Oibricigh a d'fhógair an tAire do Leanaí agus Gnóthaí Óige agus Cathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta, ghlacamar an cinneadh iniúchadh ar an gcampas a chur siar go dtí luath in 2017.
- D'fhoilsíomar achoimre dár ngníomhaíocht rialála do sheirbhísí leanaí do 2015, ina bhfuarthas neamhréireacht i gcáilíocht na seirbhísí leanaí á soláthar ar fud na tíre.

### 4.1.6 Forbairt Chleachtais Rialála agus Seirbhísí Gnó

Faigheann an ghníomhaíocht iniúchóireachta a dhéanann an Stiúrthóireacht Rialacháin tacú ó dhá fhoireann, mar atá na foirne um Fhorbairt Chleachtais Rialála agus um Sheirbhísí Gnó.

Is í obair an Aonaid um Fhorbairt Chleachtais Rialála forbairt an chleachtais rialála agus na gcur chuige modheolaíochta a chomhordú laistigh den Stiúrthóireacht Rialacháin. Éascaíonn sé oiliúint bhainteach, forbairt ghairmiúil, agus meantóireacht chun tacú le cleachtas rialála muiníneach agus inniúil a sheachadadh.

Soláthraíonn an fhoireann um Sheirbhísí Gnó tacaíocht oibriúcháin agus riaracháin don Stiúrthóireacht trí mhodheolaíochtaí feabhsú próiseas agus bainistiú tionscadal a chur i bhfeidhm.

Le linn 2016, lean na foirne um Fhorbairt Chleachtais Rialála agus um Sheirbhísí Gnó le tionscadal chun na próisis agus na nósanna imeachta a úsáideann na foirne iniúchóireachta ina gcuid oibre rialála a athbhreithniú agus a fheabhsú.

Le linn 2016, bhí na nithe seo a leanas mar chuid den tionscadal sin:

- Athbhreithniú ar na huirlisí a úsáidtear mar chuid dár n-iniúchtaí. Rinneamar iniúchtaí píolótacha i roinnt ionad do dhaoine scothaosta agus do dhaoine faoi mhíchumas chun cuidiú leis an athbhreithniú seo. D ‘fhreagair na soláthraithe píolótacha a bhí bainteach ar léiriú spéise a eisíodh chuig gach ionad ainmnithe.
- Mar chuid den chlár píolótach, d’oibríomar le cónaitheoirí ar leasuithe molta ar na ceistneoirí cónaithe, rud trínar féidir linn aiseolas a fháil ó dhaoine a bhaineann úsáid as seirbhísí cúraim shóisialta.
- Cuimsiú na soláthraithe cláraithe in athbhreithniú ar ár gceistneoirí fheabhsaithe cáilíochta chun cuidiú níos fearr a thabhairt dúinn chun meastóireacht a dhéanamh ar eispéireas na ndaoine a n-idirghníomhaímid leo mar chuid dár ngníomhaíocht rialála. Tharla an rannpháirtíocht seo mar chuid de shraith imeachtaí páirtithe leasmhara ina raibh ionadaithe ó níos mó ná 100 ionad ainmnithe.
- Seoladh an fhógra chlárúcháin agus na bhfoirmeacha iarratais in 2016. Bhí siad sin tacaithe ag treoir do sholáthraithe agus ag líon seónna bóthair soláthraithe chun míniú a thabhairt ar na hathruithe.
- Síneadh ar thairseach na soláthraithe do sholáthraithe na n-ionad ainmnithe do dhaoine faoi mhíchumas. Tríd sin is féidir faisnéis maidir le fógra rialála a chur isteach ar líne.
- I Márta 2016, sheolamar beartas leasaithe aighneachtaí ina leagtar amach na cúinsí inar féidir le soláthraí aighneacht a dhéanamh i ndáil le breithiúnas rialála a rinneadh i dtuarascáil iniúchta.

## 4.2 Measúnú Teicneolaíochta Sláinte

### 4.2.1 Cúlra

Leis an Acht Sláinte 2007, tugadh ról reachtúil do HIQA chun éifeachtúlacht chliniciúil agus éifeachtúlacht ó thaobh costais de teicneolaíochtaí sláinte a mheasúnú, agus chun comhairle a chur ar fáil don Aire Sláinte agus d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS). Chuige sin, déanann an Stiúrthóireacht um Measúnú Teicneolaíochta Sláinte (HTA) raon oibre chun tacú le cinnteoireacht cúram sláinte agus chun bonn eolais a chur fúithi, agus chun beartais sláinte náisiúnta atá sábháilte agus éifeachtach a éascú mar aon le cinntí seirbhíse sláinte atá dírithe ar an othar agus a thugann an luach is fearr maidir leis na hacmhainní atá ar fáil.

D'fhorbair an Stiúrthóireacht sraith de threoirlínte náisiúnta HTA a chuireann bonn eolais faoi sholáthar measúnuithe tráthúla, comhsheasmhacha agus iontaofa atá ábhartha do riachtanais ár bpáirtithe leasmhara. Tá ról lárnach ag an Stiúrthóireacht freisin i bhforbairt acmhainne in HTA trína cuid oibre leis an gCoiste um Éifeachtúlacht Náisiúnta Chliniciúil, agus a rannpháirtíocht i réimse gníomhaíochtaí agus foilseachán náisiúnta agus idirnáisiúnta.

### 4.2.2 HTAnna a rinneadh in 2016

#### *HTA d'idirghabhálacha i ndáil le scor ón tobac*

Tar éis iarratas a fháil ó Chomhairleoir Náisiúnta um Rialú Tobac sa Roinn Sláinte, chuir HIQA tús in Eanáir 2016 le hobair ar HTA d'fhonn éifeachtúlacht chliniciúil agus éifeachtúlacht ó thaobh costais de maidir le hidirghabhálacha scor ón tobac. Bhí sé mar aidhm leis an HTA bonn eolais a chur faoi chinntí maidir leis an úsáid is fearr d'idirghabhálacha ar scor ón tobac sa phobal i gcoitinne chun an tairbhe is mó a bhaint as an maoiniú atá ar fáil. Lena chois sin, rinneadh measúnú ar éifeachtúlacht na n-idirghabhálacha i mná torracha agus i ndaoine atá ag freastal ar sheirbhísí tánaisteacha meabhairshláinte.

Cuireann an FSS maoiniú ar fáil faoi láthair do réimse leathan idirghabhálacha cógaseolaíochta (amhail teiripe athchurtha nicitín, bupropion agus varenicline) agus iompraíochta (amhail tacaíocht bunaithe ar an idirlíon, tacaíocht bunaithe ar an teileafóin, tacaíocht iompraíochta aonair agus ghrúpa). Rinneadh measúnú ar mhonaitheiripe agus ar theaglaim de na cóireálacha sin, chomh maith le hidirghabhálacha eile nach bhfaigheann maoiniú faoi láthair (amhail toitíní leictreonacha).

Rinneadh athbhreithniú córasach agus meitea-anailís líonra chun achoimre a dhéanamh ar an bhfianaise atá ar fáil ar éifeachtúlacht chliniciúil na n-idirghabhálacha scor ón tobac i measc daonra ginearálta daoine fásta a chaitheann tobac (313 staidéar), úsáideoirí seirbhísí tánaisteacha meabhairshláinte (10 staidéar), agus mná torracha (137 staidéar). Maidir leis an daonra ginearálta, rinneadh idirghabhálacha a rangú go ginearálta mar idirghabhálacha teiripe cógaisíochta nó idirghabhálacha iompraíochta agus rinneadh meitea-anailís líonra. Fuarthas go raibh gach idirghabháil chógaseolaíochta níos éifeachtaí go cliniciúil i gcomparáid le rialú de 'faic a dhéanamh'.

Fuarthas gurb é varenicline an teiripe aonair is éifeachtaí (os cionn 2.5 uair níos éifeachtaí), agus go raibh varenicline á úsáid in éineacht le NRT mar an dé-theiripe is éifeachtaí (níos mó ná 3.5 uair níos éifeachtaí). Fuarthas amach go raibh toitíní leictreonacha dhá uair chomh héifeachtach i gcomparáid le rialú de 'faic a dhéanamh'.

Léiríonn fianaise go raibh gach teiripe iompraíochta níos éifeachtaí ná rogha eile de 'faic a dhéanamh', ach bhí an-difríocht idir conas a dhéantar idirghabhálacha iompraíochta a shainmhíniú agus a sheachadadh. Dá bhrí sin, is minic a bhí éifeachtaí cóireála éagsúla. Mar sin féin, tá éifeachtacht na n-idirghabhálacha cógaseolaíochta feabhsaithe le meán de 18% nuair a sholáthraítear iad in éineacht le teiripe iompraíochta.

Tá an fhianaise a foilsíodh le haghaidh cóireálacha scor ón tobac i measc foghrúpaí áirithe den phobal níos teoranta. I measc na mban torrach, d'fhéadfadh idirghabhálacha tacaíochta iompraíochta, amhail comhairleoireacht, oideachas sláinte agus úsáid dreasachtaí airgeadais torthaí scor ón tobac le linn toirchis a fheabhsú go suntasach. Is beag trialacha cliniciúla a foilsíodh maidir le cóireálacha scor ón tobac ina measc siúd atá ag freastal ar sheirbhísí tánaisteacha meabhairshláinte, b'fhéidir mar gheall ar an deacracht le hothair a earcú sa suíomh seo, go háirithe ina measc siúd a bhfuil drochthinneas meabhrach orthu. Cé go bhfuil easpa sonraí maidir leis an éifeachtacht choibhneasta d'idirghabhálacha éagsúla scor ón tobac i ndáil le daoine atá ag freastal ar sheirbhísí tánaisteacha meabhairshláinte, léiríodh go bhfeabhsaíonn cláir ard-déine a chomhcheanglaíonn tacaíocht teiripe cógaisíochta agus tacaíocht iompraíochta na torthaí scor ón tobac sa ghrúpa seo.

Fuarthas in anailís ó thaobh éifeachtúlacht costais de go bhfuil gach idirghabháil scor ón tobac éifeachtach ó thaobh costais de i gcomparáid le scor gan chúnamh. Tugann toitíní leictreonacha agus an úsáid as varenicline agus TAN le chéile an luach is fearr ar airgead, bunaithe ar an bhfaisnéis atá ar fáil faoi láthair. Mar sin féin, tá na meastacháin ar éifeacht do thoitíní leictreonacha bunaithe ar chomhthiomsú dhá thriail bheaga agus, dá bhrí sin, go bhfuil leibhéal ard neamhchinnteachta ann maidir leis an éifeachtúlacht chliniciúil agus an éifeachtúlacht ó thaobh costais de maidir leis an idirghabháil seo. Tá neamhchinnteacht shuntasach ann freisin faoi na héifeachtaí sláinte fadtéarmacha maidir le húsáid toitíní leictreonacha, mar aon le himní go bhféadfadh a gcur chun cinn forleathan ag gairmithe sláinte úsáid nicitín a normalú nó feidhmiú mar gheata chun úsáid a bhaint as tobac do ghlúinte nua daoine nár chaith tobac riamh. Fuarthas sa mheasúnú gurb é an straitéis is fearr le rátaí scoir a fheabhsú ná glacadh varenicline agus NRT a uasmhéadú. Bheadh sé sin bainteach freisin le caiteachas suntasach breise drugaí agus méaduithe ar an éileamh do sheirbhísí GP agus seirbhísí ordaithe altraí. Foilseofar an dréacht-HTA le haghaidh comhairliúchán poiblí i dtús Eanáir 2017.

### *HTA de thástáil HPV mar an príomh-mhodh chun ailse cheirbheacs a chosc*

Tar éis iarratas a fháil ón tSeirbhís Náisiúnta Scagthástála, chuir HIQA tús i mí na Nollag 2015 le hobair ar HTA chun imscrúdú a dhéanamh ar an éifeachtúlacht chliniciúil agus an éifeachtúlacht ó thaobh costais de maidir le príomhthástáil phapalómaivíris dhaonna (HPV) i ndáil le scagthástáil cheirbheacsach. Cuirfidh an fhianaise seo bonn eolais faoi chinntí maidir le hathruithe féideartha ar an gclár scagthástála ceirbheacs atá ann cheana féin. Leanadh le hobair ar an measúnú sin le linn 2016.

Is toradh annamh í ailse cheirbheacs a bhaineann le hionfhabhtú leanúnach le 'géinitíopaí oncaigéine' de phapalómaivíreas daonna (HPV). Tá ionfhabhtú le HPV ina réamhriachtanas riachtanach maidir le forbairt ailse ceirbheacs. Is iad bunchosc trí vacsaíniú HPV agus cosc tánaisteach trí scagthástáil cheirbheacs dhá chur chuige chomhlántacha chun ailse cheirbheacs a chosc. Tá sé mar aidhm le clár scagthástála ceirbheacs ná an mhinicíocht, an ghalracht agus an bhásmhaireacht ó ailse cheirbheacs a laghdú.

Rinne an HTA measúnú ar phríomhthástáil HPV agus cúig straitéis triáise ina dhiaidh sin ag baint úsáid as teaglamaí éagsúla cíteolaíochta bunaithe ar leacht (LBC), géinitíopáil pháirteach HPV le haghaidh HPV 16/18 agus bithchomharthaí móilíneacha (p16 $^{INK4a}$/Ki-67). Lena chois sin, rinneadh measúnú ar an athrú ar eatramh scagthástála cúig bliana, ar an measúnú ar straitéisí de réir aoise agus ar an aois scagthástála a síneadh go dtí 65. San iomlán, rinneadh meastóireacht ar 32 straitéis i gcomhthéacs na mban vacsaínithe agus neamhvacsaínithe araon.

Forbraíodh samhail eacnamaíoch a bhaineann go sonrach leis an suíomh Éireannach, agus iarradh saineolas ar shamhaltú ailse ceirbheacs ó UMIT, ar Ollscoil Ghearmánach í le haghaidh na nEolaíochtaí Sláinte. Forbraíodh samhail anailíse cinntí chun na costais agus na sochair a bhaineann le príomhthástáil HPV agus cúig straitéis mhalartacha triáise a chur i gcomparáid leis an straitéis reatha (príomhthástáil LBC agus triáis HPV ina diaidh). Déanfar na torthaí ón anailís chostais-fhóntais a thuairisciú mar chostas in aghaidh gach bliana caighdeán-choigeartaithe (QALY) a fuarthas le haghaidh gach straitéis fhéideartha scagthástála ceirbheacs.

## 4.2.3 Taighde a foilsíodh in 2016

### *Athbhreithniú Cochrane ar oclúid ghéagáin aitriamach chlé chun stróc a chosc i ndaoine a bhfuil fibriliú aitriamach orthu*

Tar éis iarratas rathúil ar dheontas a rinne ball foirne HTA, cuireadh tús le hobair ar phrótacal athbhreithnithe Cochrane chun measúnú a dhéanamh ar oclúid ghéagáin aitriamach chlé chun stróc a chosc i ndaoine a bhfuil fibriliú aitriamach orthu. Is éard is aimhrithim chairdiach ann fibriliú aitriamach a chruthaíonn crapadh neamhéifeachtach de sheoimríní aitriamacha agus méadailíneacha an chroí, a mbíonn cónaí fola san aitriam mar thoradh air. Mar thoradh air sin, d'fhéadfadh téachtán a fhoirmiú sa ghéagán aitriamach clé; má bhogann an téachtán chuig an inchinn, d'fhéadfadh stróc tarlú. Dúntar an géagán aitriamach clé agus stoptar é ó imshruthú ag baint úsáid as réimse cur chuige; lena n-áirítear córais dhúnta thréchraicneacha chataitéar-bhunaithe a forbraíodh chun nádúr ionrach na gcur chuige mháinliachta oscailte a íoslaghdú.

Tá sé mar aidhm leis an bprótacal éifeachtúlacht chliniciúil agus an sábháilteacht dhúnadh an ghéagáin aitriamaigh chlé a mheasúnú i gcomparáid le hantaithéachtadh béil chun stróc a chosc i ndaoine a bhfuil fibriliú aitriamach neamhchomhlach orthu.

Cuireadh an prótacal ina raibh mionsonraí ar na haidhmeanna athbhreithnithe agus na modhanna beartaithe isteach i Meitheamh 2016. Foilsíodh é i mbunachar sonraí Cochrane d'athbhreithnithe córasacha i nDeireadh Fómhair 2016; féach rannóg na bhfoilseachán irisleabhar thíos le haghaidh sonraí.

### *Foilseacháin irisleabhar idirnáisiúnta agus náisiúnta*

Murphy LA, Teljeur C, Moran PS, Harrington P, Ryan M, Williams D, Foley DP agus Smith SM. Left atrial appendage closure versus oral anticoagulation for preventing stroke in people with atrial fibrillation. Bunachar sonraí Cochrane d'athbhreithnithe córasacha. 2016, Eagrán 10. Uimh. Ailt: CD012385.

Moran PS, Teljeur C, Ryan M agus Smith SM. Systematic screening for the detection of atrial fibrillation. Bunachar sonraí Cochrane d'athbhreithnithe córasacha. 2016 Meith. 3; (6) Uimh. Ailt: CD009586.

Moran PS, Teljeur C, Harrington P, Smith SM, Smyth B, Harbison J, Normand C agus Ryan M. Cost-Effectiveness of a National Opportunistic Screening Program for Atrial Fibrillation in Ireland. Value in Health. 2016 Noll;19(8):985-995.

Murphy LA, Harrington P, Taylor SJC, Teljeur C, Smith SM, Pinnock H agus Ryan M. Clinical-effectiveness of self-management interventions in chronic obstructive pulmonary disease: An overview of reviews. Chronic Respiratory Disease, 2016. In Press.

Teljeur C, Moran PS, Walshe S, Smith SM, Cianci F, Murphy L, Harrington P agus Ryan M. Systematic Review or Meta-analysis. Economic evaluation of chronic disease self-management for people with diabetes: a systematic review. Diabetic Medicine. 2016; In Press.

R Glynn, P Harrington, M O'Neill, agus M Ryan. Utilisation and temporal trends for elective orthopaedic surgery in Ireland. Alt in Irish Journal of Medical Science. 185:530-530, Nollaig 2016.

### *Sleachta ó chomhdhálacha náisiúnta*

Murphy LA, Teljeur C, Moran PS, Williams D, Foley DP, Harrington P, Ryan M agus Smith SM. Cochrane review protocol on left atrial appendage closure versus oral anticoagulation for preventing stroke in people with atrial fibrillation. 11ú Comhdháil Cochrane Bhliantúil Uile-Éireann, Ollscoil na Banríona, Béal Feirste.

### 4.2.4 Achoimre ar ghníomhaíochtaí eile in 2016

***Tionchar na Tuarascála HTA (2016)***

Is gníomhaíocht atá dian ar acmhainní é HTA a bhaineann le faisnéis a bhailiú agus a shintéisiú thar raon leathan réimsí. Mar gheall ar an gcumas substaintiúil atá ag teastáil chun HTA a chur i gcrích, tá sé tábhachtach an tionchar a bhíonn ag gníomhaíocht HTA a mheas. Cuireann sé sin ar ár gcumas a chinneadh an bhfuil measúnuithe á n-úsáid mar a bhí beartaithe, chun deiseanna feabhais a aithint i ngach réimse lena n-áirítear formáid, inneachar agus scaipeadh HTA, le cinnteoireacht a thacú ar bhealach níos fearr. In 2016, rinneamar tionchar trí HTA a d'fhoilsigh HIQA in 2015 a mheas (clár náisiúnta scagthástála d'fhibriliú aitriamach i gcúram príomhúil; clár vacsaínithe BCG roghnach; agus, idirghabhálacha tacaíochta féin-bhainistíochta um ghalar ainsealach) faoi cheithre théama:

1. próisis inmheánacha,
2. ábharthacht na gníomhaíochta,
3. luach na gníomhaíochta,
4. agus cumarsáid na gníomhaíochta.


Baineadh úsáid as roinnt uirlisí le haghaidh meastóireachta, lena n-áirítear ceistneoirí do shainghrúpaí comhairleacha agus cinnteoirí, íoslódálacha HTA mar sheachfhreastalaí um ghlacadh tuarascálacha, tréimhsí ama le HTA a chur i gcrích, miondealú ar uaireanta foirne le HTAnna a chur i gcrích, cloí lenár scóir maidir le dearbhú cáilíochta agus inléiteacht HTA.

Léirigh ár measúnuithe tionchair go raibh aiseolas ó pháirtithe leasmhara dearfach den chuid is mó agus tugadh le fios go ndearnadh tionscadail ar ardchaighdeán agus go raibh na torthaí bunaithe ar fhianaise agus anailís chuí. Léirigh freagraí ó chinnteoirí go raibh na HTAnna úsáideach sa phróiseas cinnteoireachta, fiú amháin más rud é nach raibh cinntí deireanacha déanta fós. I measc na réimsí le haghaidh feabhsúcháin tá rátaí freagartha ísle ar cheistneoirí, agus rinneadh moltaí maidir le feabhas a chur ar HTAnna. Lena chois sin, is é cineál na dtuarascálacha HTA gur féidir a dteanga a bheith an-teicniúil; moladh modhanna malartacha freisin sa tuarascáil deiridh chun freastal ar léitheoirí tuata.

Cuireadh an tuarascáil deiridh faoi bhráid Bhord HIQA.

### *Treoirlínte náisiúnta HTA*

D'fhorbair HIQA sraith de threoirlínte náisiúnta HTA chun soláthar mheasúnuithe tráthúla, iontaofa, comhsheasmhacha agus ábhartha do riachtanais ár bpáirtithe leasmhara a chur chun cinn. I gcomhairle leis an nGrúpa Comhairleach Eolaíochta HTA, (lena n-áirítear ionadaíocht leathan ó phríomhpháirtithe leasmhara sa chúram sláinte in Éirinn) déantar an tsraith seo de threoirlínte a nuashonrú agus cuirtear léi de réir mar is gá. Comhaontaíodh gur chóir treoir a thugann forbhreathnú ar mheasúnú teicneolaíochta sláinte in HIQA a fhorbairt in 2016. Ní raibh aon nuashonruithe ar na treoirlínte HTA atá ann faoi láthair ag teastáil in 2016. Rinneadh plean nuashonraithe treoirlínte cothrom le dáta a phlé agus chomhaontaigh an grúpa HTA é le haghaidh na nuashonruithe atá ag teastáil in 2017.



Tugadh *Guide to Health Technology Assessment at HIQA* chun críche in 2016. Mínítear sa treoir cén t-eolas a mheastar in HTA agus conas a úsáidtear an t-eolas sin chun comhairle a tháirgeadh lena chinntiú go bhfuil bonn eolais faoi chinntí infheistíochta agus dí-infheistíochta agus go bhfuil na cinntí sin bunaithe ar fhianaise. Leagtar amach ann freisin torthaí an phróisis HTA agus conas a úsáidtear HTA i gcinnteoireacht. Tá sé beartaithe go mbeidh an Treoir úsáideach do na páirtithe leasmhara ar fad, lena n-áirítear baill de shainghrúpaí comhairleacha a tionóladh chun comhairle a chur ar HIQA maidir le HTAnna ar leith, agus baill den phobal i gcoitinne a bhfuil suim acu níos mó a fhoghlaim faoin HTA agus conas a úsáidtear é sa chóras sláinte in Éirinn. Forbraíodh an treoir i gcomhairle le Grúpa Comhairleach Eolaíochta HTA de chuid HIQA.

Foilsíodh an treoir i nDeireadh Fómhair 2016.

### *An Coiste um Éifeachtúlacht Náisiúnta Chliniciúil*

In 2010, bhunaigh an tAire Sláinte an Coiste um Éifeachtúlacht Náisiúnta Cliniciúil (NCEC) chun creat a chur ar fáil d'fhormhuiniú náisiúnta treoirlínte cliniciúla agus iniúchadh agus chun cúram othar a bharrfheabhsú laistigh de chóras sláinte na hÉireann, idir phoiblí agus phríobháideach.

Mar chuid d'fhorbairt leanúnach ar acmhainn sa réimse HTA, leanann HIQA le tacaíocht a thabhairt don NCEC trína chomhaltas den Choiste. Tugaimid cúnamh le tosaíocht agus measúnú treoirlínte a chuirtear isteach, agus cuirimid tacaíocht theicniúil a chur ar fáil go díreach d'fhorbróirí treoirlínte cliniciúla atá ag lorg formhuiniú náisiúnta i leith a gcuid treoirlínte.

Mar chuid den chlár oiliúna NCEC, sheachaid HIQA seisiúin oiliúna eacnamaíochta don NCEC agus d'fhorbróirí treoirlíne araon. Sholáthraíomar tacaíocht dhíreach freisin d'fhorbróirí treoirlíne cliniciúla amháin a bhí sainordaithe ag an Aire, do sheacht ngrúpa forbartha treoirlíne eile agus do choiste rialachais iniúchóireachta amháin a bhí sainordaithe ag an Aire. Ina measc siúd bhí: tabhairt cothrom le dáta NEWS (sainordaithe), Scagthástáil Heipitíteas C, Diaibéiteas Chineál 1 i nDaoine Fásta, Córas Luathrabhaidh Leighis Éigeandála, Treoir um Chúram don Duine Fásta atá ag fáil bháis, Treoirlínte Ailse Scamhóige, Drólainne agus Reicteach agus Iniúchadh Mórthráma (sainordaithe).




**Sa phictiúr ag seoladh an HRB-CICER bhí (ó chlé) an Dr Máirín Ryan ó HIQA; an Dr Graham Love, Príomhfheidhmeannach HRB; an tOllamh Susan Smith ó RCSI; agus an Dr Karen Ryan, Cathaoirleach an Choiste um Éifeachtúlacht Náisiúnta Chliniciúil**

### *iarratas ar dheontas HRB-CICER agus dámhachtain*

Tar éis próiseas iarratais iomaíoch ar dheontais, bhronn an Bord Taighde Sláinte (HRB) conradh le haghaidh EUR 2.25 milliún ar HIQA chun Comhoibriú HRB in Éirinn a chur ar bun le haghaidh Athbhreithnithe ar Éifeachtúlacht Chliniciúil (CICER). Tabharfaidh HRB-CICER tacaíocht d'Fhorbróirí Treoirlínte le moltaí bunaithe ar fhianaise a fhorbairt. Tá sé mar aidhm le HRB-CICER bonn fianaise ardchaighdeán a sheachadadh maidir le hathbhreithniú córasach ar éifeachtúlacht chliniciúil, athbhreithniú córasach ar éifeachtúlacht chostais agus anailís tionchair bhuiséid chun tacú le forbairt Treoirlínte Náisiúnta Chliniciúla agus Iniúchtaí Náisiúnta Cliniciúla. Tá Treoirlínte Náisiúnta Cliniciúla agus Iniúchtaí Náisiúnta Cliniciúla dearbhaithe ó thaobh cáilíochta de ag an gCoiste um Éifeachtúlacht Náisiúnta Chliniciúil (NCEC) agus sainordaithe ag an Aire Sláinte le cur i bhfeidhm ag an FSS. Lena chois sin, tríd an gcomhoibriú cuirfear oiliúint ar fáil i sintéis fianaise agus cuirfear comhairle ar NCEC maidir le feabhsuithe i bhforbairtí modheolaíochta i nginiúint bhfianaise, agus ar bhearnaí taighde maidir leis an mbonn fianaise agus conas is féidir dul i ngleic leo ar an mbealach is fearr. Cuirenn an fhoireann ina bhfuil 16 bhall comh-iarratasóirí agus comhoibrithe réimse leathan disciplíní i láthair agus tá taithí fhairsing acu in athbhreithniú córasach, anailís staitistiúil, anailís tionchair, eacnamaíoch agus bhuiséid, forbairt treoirlínte agus caighdeán cliniciúil, agus saineolas acadúil gaolmhar i dtaighde cliniciúil agus cleachtas, modheolaíocht taighde, staitisticí, síceolaíocht agus oideachas.

Is é Ionad HRB um Thaighde Cúraim Phríomhúil (HRB- CPCR) i gColáiste Ríoga na Máinlianna in Éirinn (RCSI) príomh-chomhoibrí HIQA. Faoi stiúir an Ollaimh Tom Ó Fathaigh agus an Ollaimh Susan Smith, déanann sé go han-mhaith sa réimse sin.

Soláthróidh comhoibritheoirí ó RCSI agus ó Ollscoil Náisiúnta na hÉireann (NUI) Máigh Nuad saineolas maidir le hathbhreithniú córasach, go háirithe maidir le modheolaíocht athbhreithnithe níos casta i ndáil le cruinneas diagnóiseach, tuar riosca, meitea-chúlú agus sintéis cháilíochtúil. Soláthróidh RCSI saineolas eolaí faisnéise ar leibhéal sinsearach tríd an bPríomhleabharlannaí, Kate Kelly. I measc na gcomhoibrithe eile tá an tOllamh Michael Barry, Ionad Náisiúnta don Chógaseacnamaíocht; an tOllamh Marianne Klemp, Ionad Faisnéise na hIorua; an tOllamh Mike Drummond, Ollscoil York, a bhí ina chathaoirleach ar cheann de Ghrúpaí Athbhreithnithe Treoirlínte NICE ar feadh 10 mbliana agus a chuir le forbairt ar phróisis NICE; an tOllamh Michael Turner, Ceann Cliniciúil an Chláir Náisiúnta um Obstatraic agus Gínéiceolaíocht; agus an tOllamh Áine Carroll, Stiúrthóir Straitéise Cliniciúla agus Clár, FSS.

### *Forbairt acmhainní agus cumas i measúnú ar theicneolaíocht sláinte*

Lean HIQA ar aghaidh ag dul i dteagmháil le páirtithe leasmhara seachtracha agus chun deiseanna oiliúna agus oideachais a chur ar fáil in HTA chun tacú le saineolais náisiúnta i stiúradh agus léirmhíniú HTA a fhorbairt.

Soláthraíodh deiseanna tacaíochta agus oiliúna de dhéine éagsúil do raon leathan páirtithe leasmhara, lena n-áirítear socrúcháin oibre do dhochtúirí sláinte poiblí, oiliúint do pháirtithe leasmhara seachtracha (ionadaithe othar, bainteach le NCEC, fochéime, iarchéime, cláraitheoirí speisialaithe i sláinte phoiblí agus eile), comhoibriú le comhghleacaithe ó RCSI, Ollscoil Luimnigh agus Ollscoil na hÉireann, Gaillimh ar thionscadail acadúla, agus trí oiliúint agus tacaíocht oideachais do bhaill na foirne HTA chun cur lena gcuid saineolais.

Chuir anailísí nua-earcaithe HTA tús le hobair sa stiúrthóireacht HTA i Meitheamh 2016. D’éirigh leis an anailísí áit a fháil ar an gClár PhD Daonra Struchtúrtha agus Oideachas Taighde Seirbhísí Sláinte (SPHeRE), a bheidh ar siúl go ceann ceithre bliana.

### *Rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara*

Tá rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara le linn an phróisis HTA riachtanach chun HTA ardchaighdeáin, tráthúil agus ábhartha a sheachadadh a chuireann bonn eolais faoi chinnteoireacht agus a aistríonn go cúram feabhsaithe cothrom d’othair. Go straitéiseach do stiúrthóireacht HTA, d’fhéadfadh rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara le linn an phróisis HTA inchreidteacht a thabhairt freisin dár HTAnna, agus a chinntiú go bhfuil ár bpáirtithe leasmhara infheistithe. D’fhéadfadh sé ár bpróiseas HTA a bharrfheabhsú trína chinntiú go bhfuil sé cruinn agus trí chóras réamhrabhaidh agus foghlaim a cheadú le linn an phróisis HTA. Tá rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara freisin ina rialú inár gclár riosca lena chinntiú go gcuirimid na HTAnna cearta in ord tosaíochta, go bhfreastalaímid ar riachtanais na gcinnteoirí agus go mbíonn teagmháil imleor againn le haghaidh na dtorthaí is fearr is féidir agus le haghaidh trédhearcachta.

Trína rannpháirtíocht le réimse éagsúil de pháirtithe leasmhara, déanann HIQA scileanna, taithí agus tuairimí na bpáirtithe leasmhara seachtracha a ionchorprú chun bonn eolais a chur faoi thosaíochtaí don chlár oibre HTA leanúnach, agus chun tionscadail atá ag dul ar aghaidh a éascú agus bonn eolais a chur fúthu.

Fuarthas tacaíocht do na trí mheasúnú a ndearnadh obair orthu in 2016 ó shainghrúpa comhairleach a tionóladh go sonrach a bhí comhdhéanta d'ionadaithe ó na príomhpháirtithe leasmhara, lena n-áirítear lucht déanta beartas, soláthraithe seirbhíse, cliniceoirí, grúpaí othar agus saineolaithe náisiúnta agus idirnáisiúnta HTA. Bhain an t-iarratas ar dheontas CICER le comhoibriú le saineolaithe náisiúnta agus idirnáisiúnta in HTA agus i réimse disciplíní eile. Bhain an prótacal Cochrane le comhoibriú le saineolaithe cliniciúla, saineolaithe Cochrane agus an grúpa Stróc Cochrane.

Tá sé beartaithe againn comhairliúchán poiblí a dhéanamh, chun tuairimí ár bpáirtithe leasmhara a fháil, ar an HTA d'idirghabhálacha scor ón tobac go luath in 2017.

Tá sé mar aidhm againn feabhas a chur go leanúnach ar ár rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara. D'fhorbraíomar plean gníomhaíochta do rannpháirtíocht páirtithe leasmhara laistigh de Stiúrthóireacht HTA sna trí bliana atá amach romhainn. Tríd is tríd, tá sé mar aidhm leis an bplean seo príomhpháirtithe leasmhara agus próisis rannpháirtíochta atá ann faoi láthair a dhoiciméadú, agus réimsí a shainaithint le haghaidh feabhsúcháin ag baint úsáid as fianaise ábhartha. Tagann an plean faoi Straitéis Rannpháirtíochta Páirtithe Leasmhara HIQA.

Chuir an Stiúrthóireacht freisin le roinnt grúpaí comhairleacha agus líonraí atá á reáchtáil ag páirtithe leasmhara seachtracha, lena n-áirítear Grúpa Athbhreithnithe Teicneolaíochta an Chláir Náisiúnta Rialaithe Ailse, an Grúpa Oibre HTA de chuid an FSS, an Grúpa Stiúrtha Náisiúnta Tráma, agus an Phríomh-Oifig Staidrimh (CSO) agus Bord Tionscadail na Roinne Sláinte don Chóras náisiúnta um Chuntais Sláinte. Cuidíonn rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara sin, nuair a dhéantar í a chomhcheangal le scanadh léaslíne leanúnach, chun bonn eolais a chur faoin bpróiseas tosaíochta HTA trí ábhair ardtosaíochta fhéideartha a aithint don phlean oibre ar bhealach tráthúil.

Cuireadh bonn eolais faoi obair na Stiúrthóireachta freisin le linn 2016 trína Ghrúpa Comhairleach Eolaíochta (comhdhéanta d'ionadaíocht leathan ó phríomhpháirtithe leasmhara sa chúram sláinte in Éirinn mar aon le saineolaithe modheolaíochta ón réimse HTA).

## 4.2.5 Líonraí idirnáisiúnta

### *Líonra Eorpach um Measúnú ar Theicneolaíocht Sláinte (EUnetHTA)*

Is é EUnetHTA, ar líonra Eorpach HTA é, comhoibriú 79 eagraíocht HTA ó 28 Ballstát an AE, ón Iorua agus ón Eilvéis. Faigheann EUnetHTA EUR 20 milliún, thar thréimhse ceithre bliana, ón gCoimisiún Eorpach agus ó na ballstáit chun comhchuibhiú de mhodheolaíocht HTA agus chun táirgeadh comhpháirteach HTA a mhaoiniú. Bhí HIQA ainmnithe ag an Roinn Sláinte chun ionadaíocht a dhéanamh d'Éirinn in EUnetHTA ó 2008 i leith. Tá sé mar aidhm ag an eagraíocht seo comhoibriú éifeachtach agus inbhuanaithe HTA a bhaint amach a thugann breisluach ar leibhéal Eorpach, náisiúnta agus réigiúnach. Rinneadh sraith de Ghníomhaíochtaí Comhpháirteacha chun comhar idirghníomhaireachta a chothú, chun aschur HTA a fheabhsú agus chun dúbailt saothair a sheachaint. Chuir an obair seo bonn eolais freisin faoi bhunú de líonra buan de ghníomhaireachtaí HTA ar fud na hEorpa.

**An Dr Máirín Ryan ó HIQA ag fóram EUnetHTA an Choimisiúin Eorpaigh dar teideal "European Cooperation on HTA: what's next?" tamaillín tar éis di a bheith ceaptha mar Chathoirleach. Sa phictiúr freisin tá Xavier Prats Monné, Ard-Stiúrthóir um Shláinte agus Sábháilteacht Bhia an Choimisiúin Eorpaigh, agus Wim Goettsch, Stiúrthóir EUnetHTA**




I nDeireadh Fómhair 2016, bhí Stiúrthóir HTA in HIQA, an Dr Máirín Ryan, tofa mar Chathaoirleach ar Thionóil EUnetHTA. Tá an Tionól freagrach as straitéis a shocrú agus monatóireacht a dhéanamh ar bhaint amach na gcuspóirí ag EUnetHTA. Beidh an Dr Ryan ina Cathaoirleach EUnetHTA go ceann tréimhse dhá bhliain agus tá sí ina ball de Bhord Feidhmiúcháin EUnetHTA. Chuir HIQA go mór le pleanáil don tríú Gníomhaíocht Chomhpháirteach chun tacaíocht a thabhairt do chomhoibriú HTA Eorpach 2016 go dtí 2019, agus tá sé ag glacadh páirte go gníomhach i gceithre cinn de na pacáistí oibre.

Tugadh cuireadh don Dr Máirín Ryan chun páirt a ghlacadh i ndíospóireacht phainéil ag an bhFóram EUnetHTA dar teideal "European Cooperation on HTA: What's next?" sa Bhruiséil i nDeireadh Fómhair 2016.

### *Líonra um Measúnú ar Theicneolaíocht Sláinte (HTAN)*

Tá ionadaíocht ag Éirinn ó Stiúrthóir HTA de chuid HIQA ar an Líonra um Measúnú ar Theicneolaíocht Sláinte (HTAN). Is líonra buan é seo de ghníomhaireachtaí HTA a bhunaigh an Coimisiún Eorpach agus is é an cuspóir leis comhoibriú inbhuanaithe straitéiseach agus eolaíochta leanúnach a chothú in HTA ar fud an Aontais Eorpaigh. Tugadh cuireadh don Stiúrthóir a bheith páirteach i Sainghrúpa an Choimisiúin Eorpaigh ar mheasúnú ar an tionchar ag meicníocht inbhuanaithe do chomhoibriú AE in HTA ó 2020 ar aghaidh.

### *Comhoibriú idirnáisiúnta eile*

D'fhonn a chumas a mhéadú chun HTA ardchaighdeáin a tháirgeadh go héifeachtach, leanann HIQA le dul i ngleic le gníomhaireachtaí HTA eile agus le forbairt ar chaidreamh atá ann cheana. I measc na samplaí tá comhar idir gníomhaireachtaí maidir le measúnuithe leanúnacha agus measúnuithe a tugadh chun críche a chomhroinnt le dúbailt iarrachta a íoslaghdú.

Iarradh saineolas ar shamhaltú ailse ceirbheacs ó UMIT, arb í Ollscoil Ghearmánach le haghaidh na nEolaíochtaí Sláinte, agus cuireadh bonn eolais faoi HTA le hobair ó Ionad Faisnéise Cúram Sláinte na Beilge (KCE). Chuir roinnt athbhreithnithe Cochrane bonn eolais faoin HTA ar scor ón tobac. Bhí baill de ghníomhaireachtaí eile HTA ag feidhmiú mar athbhreithnitheoirí piaraí le haghaidh measúnuithe HIQA agus mar shaineolaithe idirnáisiúnta HTA ar Shainghrúpaí Comhairleacha a thionóil HIQA.

Tá HIQA ina bhall de Mheasúnú Teicneolaíochta Sláinte idirnáisiúnta (HTAi) agus de Líonra Idirnáisiúnta na nGníomhaireachtaí um Measúnú Teicneolaíochta Sláinte (INAHTA). Éascaíonn an dara ceann acu siúd malartú idirnáisiúnta faisnéise chun oiriúnú do HTA a éascú le haghaidh feidhme áitiúla.

Thug Stiúrthóir HTA cur i láthair ag cruinniú geimhridh Euronet MRPH i gcomhar le Dámh na Míochaine Sláinte Poiblí. Ba é teideal an chur i láthair "Leadership in public health: using evidence to drive improvements in healthcare". Ullmhaíodh agus seachadadh seimineár gréasáin don chomhaontas ilnáisiúnta EURORDIS d'eagraíochtaí othar le haghaidh galar neamhchoitianta. Dar teideal "Introduction to HTA", rinneadh é seo a chur i láthair le comhghleacaithe idirnáisiúnta HTA. Cuireadh léachtaí ar fáil do chúrsaí fochéime agus iarchéime i gColáiste na Tríonóide. Tugadh aoi-léacht i Roinn na hEacnamaíochta in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, ar athbhreithnithe Córasacha agus sintéis fianaise in HTA.

### 4.2.6 Eitic thaighde

Tá sé beartaithe go mbeidh ról nua ag HIQA de Chomhlacht Maoirseachta ar choistí eitice taighde, faoin mBille um Fhaisnéis Shláinte agus Sábháilteacht Othar. Le linn 2016, leanamar lenár n-ullmhúcháin inmheánacha don fheidhm nua, mar a thuairiscítear i Scéim Ghinearálta Athbhreithnithe an Bhille seo a foilsíodh ar láithreán gréasáin na Roinne Sláinte i mí na Samhna 2015.

Tá an reachtaíocht a bhaineann le trialacha cliniciúla ar tháirgí míochaineacha le húsáid ag an duine ag athrú go suntasach ar an leibhéal Eorpach. Le linn 2016, leanamar lenár rannpháirtíocht i ngrúpaí oibre an Choimisiúin Eorpaigh agus na Gníomhaireachta Leigheasra Eorpaigh atá ag ullmhú chun an reachtaíocht nua a chur chun feidhme. Bhíomar ag obair freisin leis an Roinn Sláinte agus iad ag ullmhú le reachtaíocht nua a chur chun feidhme maidir le trialacha cliniciúla ar tháirgí míochaineacha ar an leibhéal náisiúnta, chomh maith leis an Údarás Rialála um Tháirgí Sláinte agus páirtithe leasmhara náisiúnta eile.

## 4.3 An Stiúrthóireacht um Fhaisnéis Sláinte

### 4.3.1 Cúlra

Faoi alt (8)(1)(k) den Acht Sláinte 2007, tá HIQA freagrach as caighdeáin a leagan amach do gach gné d'fhaisnéis sláinte agus as monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh na gcaighdeán sin. Ina theannta sin, faoi alt 8(1)(j), tá cúram ag HIQA chun measúnú a dhéanamh ar cháilíocht na faisnéise atá ar fáil maidir le sláinte agus cúram sóisialta agus moltaí a dhéanamh ar a cháilíocht a fheabhsú, agus bearnaí a líonadh sa chás go bhfuil faisnéis ag teastáil ach nach bhfuil ar fáil faoi láthair.

Tá an Stiúrthóireacht um Fhaisnéis Sláinte ag iarraidh sábháilteacht othar agus cáilíocht an chúraim a fheabhsú trí chaighdeáin, moltaí agus treoirlínte i bhfaisnéis sláinte a fhorbairt. Áirítear leo siúd caighdeáin le haghaidh sainmhínithe, comhroinnt faisnéise, rialachas agus príobháideachas na faisnéise a áirithiú, agus úsáid, clúdach agus cáilíocht na faisnéise a bharrfheabhsú. Leanaimid de bheith ag déanamh monatóireachta ar threochtaí i dtíortha eile lena chinntiú go bhfuilimid ag baint úsáid as modheolaíochtaí éifeachtacha chun bonn eolais a chur faoi shábháilteacht othar agus cáilíocht an chúraim agus chun iad siúd a fheabhsú.

Tá faisnéis maidir le hinfhaighteacht, inrochtaineacht, éifeachtacht agus éifeachtúlacht ár seirbhísí sláinte ríthábhachtach i ndáil le córas cúram sláinte iontaofa agus slán. Trí fhaisnéis mhaith a bheith ann agus í a úsáid ar bhealach maith, déantar cinnteoireacht mhaith agus seirbhísí feabhsaithe ar leibhéil eagraíochtúla agus phleanála mar thoradh air sin.

Tá an Stiúrthóireacht um Fhaisnéis Sláinte freagrach as anailís a dhéanamh ar cháilíocht láithreach agus clúdach na faisnéise sláinte, bearnaí a aithint, agus moltaí a dhéanamh chun na bearnaí sin a líonadh. Leagaimid síos sainmhínithe caighdeánacha le haghaidh faisnéise chun inchomparáideacht bhríoch a áirithiú agus chun cabhrú le dúbailt iarrachta a sheachaint. Mar an gcéanna, tá tábhacht ag baint le caighdeáin a thacaíonn le cumas na gcóras faisnéise sláinte chun comhroinnt éifeachtach na faisnéise sláinte a chur in iúl agus a éascú.

**Rachel Flynn, Stiúrthóir Faisnéise Sláinte ag tabhairt cur i láthair don Chomhchoiste ar Shláinte ar 14 Nollaig 2016**



I dteannta na feidhme atá leagtha amach san Acht Sláinte 2007, tá an Stiúrthóireacht um Fhaisnéis Sláinte freagrach as úsáid na faisnéise in HIQA a sheachadadh agus a chur chun cinn trína fheidhm fhaisnéise ghnó, agus freisin trí Chlár Suirbhé Náisiúnta Eispéiris Othar a chur i bhfeidhm.

## 4.3.2 Cuspóirí Straitéiseacha le haghaidh Faisnéis Sláinte

Laistigh dár bPlean Corparáideach 2016-2018, áirítear na nithe seo a leanas inár gcuspóirí;

- ceannaireacht a chur ar fáil agus tírdhreach faisnéise sláinte in Éirinn á shainmhíniú, trí thionchar ar bheartas agus reachtaíocht trí dhul i dteagmháil le páirtithe feasacha agus leasmhara agus moltaí a fhorbairt
- cur le forbairt na mbonn atá riachtanach chun r-Shláinte in Éirinn a éascú agus tacú le dul chun cinn maidir le straitéis náisiúnta r-Shláinte a chur i bhfeidhm, trí chaighdeáin teicniúla agus faisnéise a fhorbairt
- feabhsuithe ar chaighdeán na faisnéise sláinte a chur chun cinn le bonn is tacú a chur faoi sheachadadh cúraim shábháilte, cinnteoireacht a bhfuil bonn eolais curtha fúithi, agus monatóireacht, pleanáil agus rialú ag HIQA.

Leagtar amach sa mhéid seo a leanas cad atá bainte amach in 2016 chun na cuspóirí corparáideacha seo a chur chun cinn.

## 4.3.3 Tionchar ar bheartas agus reachtaíocht

### Comhchoiste an Oireachtais ar Shláinte

Tháinig Phelim Quinn, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, Mary Dunnion, Stiúrthóir Rialála agus Phríomhchigire Seirbhísí Sóisialta agus Rachel Flynn, Stiúrthóir Faisnéise Sláinte, os comhair Chomhchoiste an Oireachtais ar Shláinte i mí na Nollag 2016 chun Scéim Ghinearálta an Bhille um Fhaisnéis Sláinte agus Sábháilteacht Othar a phlé. Is píosa reachtaíochta ríthábhachtach é seo a chuirfidh ar bun an creat dlíthiúil chun cur ar chumas HIQA a oibleagáidí reachtúla a chomhlíonadh maidir le faisnéis sláinte, i measc feidhmeanna eile.

Faoin mBille seo, beidh ról foirmiúil ag an Stiúrthóireacht um Fhaisnéis Sláinte maidir le caighdeáin a leagan síos ar ‘chláir mheaitseála sonraí forordaithe’ agus ar ‘acmhainní faisnéise sláinte forordaithe’, agus déanfaidh sé monatóireacht freisin ar chomhlíonadh na gcaighdeán sin, mar atá leagtha amach sa Scéim Ghinearálta. Beidh ról HIQA san earnáil phríobháideach freisin chun caighdeáin a leagan síos maidir le bainistiú sonraí sláinte ag seirbhísí sláinte príobháideacha.

### Moltaí maidir le comhordú a dhéanmha ar fhaisnéis sábháilteachta othar in Éirinn

D’fhorbair an Stiúrthóireacht um Fhaisnéis Sláinte 10 *Recommendations on the coordination of patient safety intelligence in Ireland*. Foilsíodh na moltaí in Eanáir 2016 agus áirítear leo moladh le haghaidh samhla nua chun faisnéis sábháilteachta othar in Éirinn a chomhordú agus chun an córas náisiúnta bainistíochta teagmhas a chur chun feidhme.

Cuireann na moltaí seo, de bhreis ar *Recommendations for a more integrated approach to national health and social care data collections in Ireland* a foilsíodh in 2014, bonn eolais fós faoi bheartas náisiúnta faisnéise sláinte. Leanann an Stiúrthóireacht um Fhaisnéis Sláinte ag obair go dlúth leis an Roinn Sláinte chun an dá shraith moltaí a chur i bhfeidhm.

### 4.3.4 Caighdeáin a fhorbairt

## Bailiúcháin sonraí náisiúnta sláinte agus cúraim shóisialta

### Athbhreithniú idirnáisiúnta ar bhailiúcháin sonraí náisiúnta sláinte agus cúraim shóisialta

D'fhoilsigh an Stiúrthóireacht um Fhaisnéis Sláinte athbhreithniú idirnáisiúnta ar bhailiúcháin sonraí náisiúnta sláinte agus cúraim shóisialta in Iúil 2016. Fuarthassan athbhreithniú go mbíonn feabhsúcháin sa cháilíocht chúraim a fhaigheann othair, agus go gcuirtear bonn eolais níos fearr faoi bheartas agus taighde náisiúnta, mar thoradh ar bhailiúcháin sonraí náisiúnta sláinte agus cúraim shóisialta ina bhfuil sonraí ardchaighdeáin a bheith ann. San athbhreithniú, measadh bailiúcháin sonraí sláinte agus cúraim shóisialta san Astráil, i gCeanada, i Sasana, sa Nua-Shéalainn agus in Albain. Dhírigh an t-athbhreithniú ar struchtúir rialachais agus bhainistíochta atá i bhfeidhm do bhailiúcháin náisiúnta, socruithe cáilíochta sonraí, caighdeáin, treoirlínte, agus cuir chuige mhonatóireachta agus rialála. Toradh lárnach den athbhreithniú ná go bhfuil sé ríthábhachtach go bhfuil eagraíocht lárnach amháin ann a rialaíonn na bailiúcháin náisiúnta go léir nó an chuid is mó de na bailiúcháin chun cáilíocht an bhailiúcháin a áirithiú. Déanann na tíortha a athbhreithníodh monatóireacht leanúnach ar chaighdeán a gcuid sonraí, úsáideann siad caighdeáin faisnéise sláinte agus baineann siad leas as uimhreacha aitheantóra sláinte uathúla a bheith i bhfeidhm. Chuir torthaí ón athbhreithniú idirnáisiúnta bonn eolais faoi fhorbairt na gcaighdeán bainistíochta faisnéise le haghaidh bailiúcháin sonraí sláinte agus cúraim shóisialta.




### Caighdeáin bhainistíochta faisnéise le haghaidh bailiúchán sonraí náisiúnta sláinte agus cúraim shóisialta

Forbraíodh caighdeáin bhainistíochta faisnéise le haghaidh bailiúcháin sonraí náisiúnta sláinte agus cúraim shóisialta i gcomhréir le próiseas forbartha caighdeán HIQA, agus rinneadh rannpháirtíocht shuntasach na bpáirtithe leasmhara chun bonn eolais a chur faoi ábhar na gcaighdeán. Tionóladh grúpa comhairleach de shaineolaithe agus príomhpháirtithe leasmhara chun comhairle agus treoir a sholáthar maidir le forbairt na gcaighdeán. Rinne HIQA comhairliúchán poiblí naoi seachtaine freisin ar na dréachtchaighdeáin idir Iúil agus Meán Fómhair 2016, rud a thug deis do pháirtithe leasmhara a dtuairimí agus aiseolas ar na caighdeáin a chur isteach. Rinneadh aiseolas ón gcomhairliúchán poiblí a anailísiú, a mheas agus a úsáid chun bonn eolais a chur faoi na caighdeáin deiridh. Déanfar tuarascáil ar an Ráiteas ar Thorthaí tar éis an chomhairliúcháin a fhoilsiú taobh leis na caighdeáin deiridh.

D'fhaomh Bord HIQA na caighdeáin i mí na Samhna 2016 agus cuireadh faoi bhráid an Aire Sláinte iad le faomhadh i mí na Nollag 2016. Nuair a chuirfear i bhfeidhm iad, cuirfidh na caighdeáin feabhas ar cháilíocht na faisnéise agus sonraí sláinte náisiúnta, ag cur le seachadadh cúram sláinte sábháilte agus iontaofa.

Tá clár struchtúrtha á fhorbairt ag HIQA faoi láthair chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh na gcaighdeán bainistíochta faisnéise le haghaidh bailiúcháin sonraí náisiúnta, laistigh dá théarmaí tagartha reachtúil.

## Caighdeáin theicniúla

### Athbhreithniú Idirnáisiúnta ar Thaifid Chúraim Achomair Náisiúnta

Bhain athbhreithniú ar fhianaise idirnáisiúnta agus dea-chleachtas de thátal as go bhféadfadh úsáid as taifead lárnach slán de stair liachta daoine a bheith ina chabhrú chun cúram agus sábháilteacht othar a fheabhsú trí rochtain tráthúil a thabhairt do ghairmithe cúraim shláinte ar fhaisnéis ábhartha othair chun cúram agus cóireáil a threorú, amhail i rannóg éigeandála nó i gcógaslann.

San athbhreithniú idirnáisiúnta, a foilsíodh i mí Lúnasa 2016, measadh taifid chúraim achomair i réigiúin atá ina gceannairí láidre i ndáil le dtionscnaimh r-Shláinte a sheachadadh; an Ríocht Aontaithe (Sasana, Albain, Tuaisceart Éireann agus an Bhreatain Bheag), an Astráil, an Nua-Shéalainn agus an Ísiltír. Léirigh fianaise go ndéantar taifead cúraim achomair a chruthú de ghnáth go huathoibríoch ó thaifid atá ann cheana féin. Coinnítear é de ghnáth i suíomh náisiúnta lárnach, agus rochtain air trí líonra slán, agus tá príomhghnéithe ann, amhail ainm, seoladh, aois, ailléirgí, cógais reatha agus diagnóis an othair.

I ngach tír athbhreithnithe, áiríodh le faisnéis choitianta sna taifid chúraim achomair sonraí, míochainí agus ailléirgí an othair. Ina theannta sin, tháinig an phríomhfhoinse fhaisnéise a úsáideadh chun na taifid chúraim achomair a ghiniúint ó chúram príomhúil, go háirithe ó dhochtúirí teaghlaigh.

Bhí sé mar aidhm leis an athbhreithniú seo eolas a thabhairt ar conas is féidir taifead náisiúnta cúraim achomair a fhorbairt in Éirinn agus cuirfidh sé bonn eolais faoi chur i bhfeidhm thaifead den chineál sin sa tír seo. Ní mór measúnú a dhéanamh ar réimsí amhail rialachas, meastóireacht ar a n-úsáid agus samhlacha iomchuí ceada othar chun faisnéis a chomhroinnt.

Léiríodh san athbhreithniú idirnáisiúnta eispéireas othar níos fearr, sábháilteacht othar níos fearr agus éifeachtacht cúraim othar níos fearr. Is féidir caighdeán an chúraim a fhaigheann othair a fheabhsú trí rochtain thráthúil ar thaifid ábhartha.

### Caighdeán Náisiúnta do Thacar Sonraí Nós Imeachta

In 2016, thugamar chun críche *National Standard for a Procedure Dataset including a Clinical Document Architecture specification*. Forbraíodh an caighdeán náisiúnta seo chun an dóigh a dtaifeadtar gnáthaimh a chaighdeánú agus chun comhroinnt faisnéise níos fusa a éascú laistigh de sheirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta agus eatarthu.

Tá an caighdeán seo mar chuid de shraith caighdeán a d'fhorbair HIQA chun tacú le hachoimrí othar a chaighdeánú, agus comhlánaíonn sé an obair a rinneadh san athbhreithniú idirnáisiúnta ar achoimrí othair. Rinneadh comhairliúchán spriocdhírithe cúig seachtaine i Meán Fómhair go dtí Deireadh Fómhair 2016 chun bonn eolais a chur faoi fhorbairt an chaighdeáin sin.

D'fhéadfadh achoimrí othar caighdeánaithe sábháilteacht othar a mhéadú mar éascaíonn siad malartú éifeachtach agus cruinn faisnéise, agus tacaíonn siad le cumarsáid níos fearr idir soláthraithe cúram sláinte. Is féidir leo tacaíocht a thabhairt chomh maith le leanúnachas cúraim mar tá sé beartaithe go dtabharfaidh achoimrí othar cabhrú do chliniceoirí chun rochtain a fháil ar fhaisnéis thábhachtach nuair a bhíonn cúram éigeandála á chur ar fáil.

Tá eolas faoi ghnáthaimh ina chuid lárnach den achoimre othair. Sainítear leis an gcaighdeán seo tacar sonraí íosta maidir le gnáthamh agus tugtar sainmhíniú ar shonraíocht maidir le hAiltireacht Doiciméad Cliniciúil (CDA) atá bunaithe ar an tacar sonraí. Déanfaidh an caighdeán deiridh an gcaoi ina bhfuil gnáthamh taifeadta a chaighdeánú ar bhealach struchtúrtha agus is féidir leis roinnt níos éasca faisnéise a éascú laistigh de sheirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta agus eatarthu.

## Caighdeán le haghaidh Tacar Sonraí Nóta Dáiliúcháin

Aithníodh r-Oideasú mar phríomhthosaíocht d'Éirinn sa Straitéis Náisiúnta r-Shláinte (2013).[6] Tá ilchaighdeáin ag teastáil chun cur chun feidhme an r-Oideasaithe a chumasú go náisiúnta. Tá obair déanta ag HIQA sa réimse seo roimhe, lena n-áirítear samhail sonraí do chógais ordaithe agus caighdeán r-Oideasú a forbraíodh in 2015.

In 2016, d'fhorbraíomar *National Standard for a Dispensing Note Dataset including a Clinical Document Architecture specification* chun tacú le comhroinnt faisnéise faoi na cógais a sholáthraíonn cógaiseoir urghnaimh don othar nuair a chomhlíonann siad oideas. Sainaithnítear leis an gcaighdeán seo tacar sonraí íosta cógais nó cógas fodháilte d'othar i gcógaslann phobail le húsáid i dtaifead cúraim achomair. Rinneadh comhairliúchán spriocdhírithe cúig seachtaine i Meán Fómhair go dtí Deireadh Fómhair 2016 chun bonn eolais a chur faoi fhorbairt an chaighdeáin seo.

Laghdaíonn caighdeáin r-Oideasaithe earráidí oidis chógais agus tras-scríofa, as a dtagann cáilíocht agus éifeachtúlacht mhéadaithe, agus seirbhísí sláinte níos sábháilte d'othair. Tá earráidí cógais ar na teagmhais dhíobhálacha is coitianta sa chúram sláinte in Éirinn, agus teagmhais sábháilteachta cógais taobh thiar de suas le 8% de na teagmhais chliniciúla a thuairiscítear don Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stáit. Tugann r-Oideasú uirlis thábhachtach do sholáthraithe sláinte chun cógais othar a bhainistiú go sábháilte agus go héifeachtach. Tacaíonn an caighdeán le comhroinnt leictreonach faisnéise maidir le cogáis fodháilte d'othar, agus soláthraíonn sé meicníocht chun an fhaisnéis seo a mhalartú go sábháilte i ndoiciméid leictreonacha.

---

6 An Roinn Sláinte. *eHealth Strategy for Ireland*. 2013. Ar fáil ar líne ag: http://www.dohc.ie/publications/eHealth_ Strategy_2013.html

## 4.3.5 Feabhsuithe ar cháilíocht na faisnéise sláinte a chur chun cinn

### Bailiúcháin náisiúnta sonraí

#### Clár chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh caighdeáin bhainistíochta faisnéise le haghaidh bailiúcháin sonraí náisiúnta sláinte agus cúraim shóisialta

Le linn 2016, thug HIQA forbairt de chreat chun críche chun faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh na gcaighdeán bainistíochta faisnéise le haghaidh bailiúcháin sonraí náisiúnta sláinte agus cúraim shóisialta. Ullmhaíodh Creat Measúnaithe agus Breithiúnais chun tacú le conas a dhéanfar na bailiúcháin náisiúnta a mheas i gcoinne na gcaighdeán. Forbraíodh é seo i gcomhréir le Cur Chuige Monatóireachta HIQA.

Forbraíodh uirlis fhéinmheasúnaithe le haghaidh bailiúcháin náisiúnta agus rinneadh í a thástáil i dtrí bhailiúchán náisiúnta. Cuirfidh an uirlis ar chumas na bailiúcháin náisiúnta a chinneadh a méid a chomhlíonann siad riachtanais na gcaighdeán náisiúnta. Leagfar béim léi ar na réimsí ina bhfuil gníomh ag teastáil nó ina bhfuil feabhsúcháin riachtanach, agus cuirfidh sí bonn eolais faoi sceidealú na measúnuithe ag HIQA freisin. Iarradh aiseolas ó gach ceann de na trí shuíomh tástála agus déanfar an uirlis fhéinmheasúnaithe a leasú sula dtabharfar chun críche í lena húsáid in 2017.

## 4.3.6 Clár Suirbhé Náisiúnta Eispéireas Othar

An chéad cheann dá leithéid in Éirinn, tá an Suirbhé Náisiúnta Eispéireas Othar ina shuirbhé náisiúnta a iarrfaidh eolas ar othair fhásta faoina n-eispéireas le déanaí in ospidéal géarmhíochaine. Beidh torthaí an tsuirbhé ina gcuidiú chun feabhas a chur ar shábháilteacht agus ar cháilíocht na seirbhísí a sholáthraítear d'othair, chun bonn eolais a chur faoi chaighdeáin an chúraim shláinte agus chun cabhrú le beartais chúram sláinte sa todhchaí a chruthú.




Foireann Chlár Náisiúnta Suirbhé Eispéireas Othar

**Patrick Lynch, an Stiúrthóir Náisiúnta um Dhearbhú Cáilíochta agus Fíorú, FSSE; Phelim Quinn, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, (HIQA) agus an Dr. Kathleen MacLellan, Stiúrthóir na hOifige Náisiúnta um Shábháilteacht Othar, an Roinn Sláinte**




Le tosú in 2017, tá an Suirbhé Náisiúnta Eispéireas Othar ina chomhoibriú idir HIQA, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (HSE) agus an Roinn Sláinte. Rinneadh an cur chuige comhpháirtíochta foirmiúil le síniú an Mheabhráin Tuisceana ar 3 Deireadh Fómhair 2016.

Le linn 2016, bunaíodh struchtúr rialachais. Tá maoirseacht agus bainistíocht ar rioscaí a bhaineann leis an tionscadal soláthraithe ag an nGrúpa Stiúrtha um an Suirbhé Náisiúnta Eispéireas Othar. Tá sé faoi chathaoirleacht POF an HIQA agus é comhdhéanta de bhaill ó HIQA, ón Roinn Sláinte, ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus ó Fhócas Othar.

Cuireann an Grúpa Stiúrtha um an Suirbhé Náisiúnta Eispéireas Othar comhairle agus treoir ar fáil maidir le dearadh agus forbairt na samhla agus na modheolaíochta don Chlár Suirbhé. Tá ballraíocht an Ghrúpa Chomhairligh comhdhéanta de thrí eagraíocht chomhpháirtíochta, ionadaithe othar agus saineolaithe ábhair.

Is é an Grúpa Seachadta um an Suirbhé Náisiúnta Eispéireas Othar an grúpa oibre atá freagrach as an tionscadal a sheachadadh, agus tá sé comhdhéanta de na trí eagraíocht chomhpháirtíochta.

Tá raon feidhme an tsuirbhé sainmhínithe mar gach othar 18 mbliana d'aois nó níos sine, a chaith oíche amháin ar a laghad in ospidéal poiblí géarmhíochaine, agus a scaoileadh amach i mí na Bealtaine 2017. Táthar ag súil go mbeidh spriocdhaonra de thart ar 27,000 duine, ar fud 41 ospidéal géarmhíochaine i gceist. Forbraíodh uirlis suirbhé ag baint úsáid as modheolaíochtaí bunaithe ar fhianaise. Ceannaíodh sraith ceisteanna idirnáisiúnta bailíochtaithe ó Picker Idirnáisiúnta, ina raibh 189 ceist. Tionóladh ocht ngrúpa fócais in áiteanna éagsúla ar fud na hÉireann chun na ceisteanna a thástáil i gcomhthéacs na hÉireann. Bhí sé ghrúpa fócais faoi stiúir othar, agus scríobhadh Ráiteas ar Thorthaí chun achoimre ar na torthaí a chur ar fáil. Tionóladh an dá ghrúpa fócais eile le húsáideoirí sonraí.[7]

7 Is iad 'úsáideoirí sonraí' daoine a oibríonn le sonraí (cúram sláinte nó eile) ar bhonn rialta.

Tar éis na ngrúpaí fócais, rinneadh Staidéar Delphi ar an leabharlann de 189 ceist, chun líon na gceisteanna a laghdú go dtí croílíon de 60, le 40 ceist bhreise rangaithe in ord tosaíochta. Ghlac seasca duine, lena n-áirítear 10 n-ionadaí othar, páirt sa ghrúpa seo. Déanfar torthaí Staidéar Delphi a fhoilsiú ar www.patientexperience.ie go luath in 2017.

Chuathas i gcomhairle le Picker Idirnáisiúnta maidir le ceisteanna deiridh beartaithe an tsuirbhé, mar gheall ar an taithí fhairsing atá acu. Lena chois sin, chuir siad comhairle agus treoir ar fáil maidir le suntais staitistiúil ar an leibhéal grúpa ospidéil agus ar leibhéal an ospidéil.

Rinne foireann an Chláir um an Suirbhé Náisiúnta Eispéireas Othar Measúnú Tionchair Príobháideachta a choimisiúnú ó thríú páirtí neamhspleách. Lena chois sin, fuair an suirbhé faomhadh eiticiúil ó Choláiste Ríoga na Lianna in Éirinn i mí na Nollag 2016.

Forbraíodh uirlisí cumarsáide, chun an pobal a chur ar an eolas faoi na príomhtheachtaireachtaí maidir leis an tábhacht a bhaineann le páirt a ghlacadh agus conas a dhéanfar an fhaisnéis a úsáid. Ina measc seo tá bileoga eolais agus láithreán gréasáin, www.patientexperience.ie. Bhí rannpháirtíocht ann go leanúnach agus go minic le páirtithe leasmhara le linn na bliana, lena n-áirítear cur i láthair ag an gComhdháil Náisiúnta um Shábháilteacht Othar i mí na Nollag 2016.

Déanfar an Suirbhé Náisiúnta Eispéireas Othar a sheoladh agus a chur i bhfeidhm le linn 2017, agus déanfar na torthaí, ar leibhéal náisiúnta, leibhéal grúpa ospidéil agus leibhéal an ospidéil, a fhoilsiú in 2017.

### 4.3.7 Faisnéis ghnó

Tá faisnéis ghnó lárnach don HIQA i ndáil le bonn anailíseach a sholáthar chun bonn eolais a chur faoinár n-oibríochtaí rialála. Ba é seachadadh na ngníomhaíochtaí a bhaineann lenár Straitéis Faisnéise Gnó 2015-2017 ceann de chuspóirí tosaíochta HIQA inár bPlean Gnó 2016. Soláthraíonn faisnéis ghnó sonraí oibríochta chun tacú le hiniúchtaí, athbhreithnithe agus imscrúduithe a chuireann bonn is taca faoi na hidirghníomhaíochtaí rialála idir HIQA agus na seirbhísí a rialaíonn sé. Tríd an bhforbairt de chórais agus de phróisis láidre rialála bunaithe ar riosca, is féidir le HIQA ár n-idirghabhálacha rialála a chur in ord tosaíochta agus a dhíriú go héifeachtach agus go héifeachtúil.

Oibríonn foireann na faisnéise Gnó lena chinntiú go mbainfear an leas is mó as gach ceann dá meáin eolais atá ar fáil, an fhaisnéis atá ann cheana féin a bharrfheabhsú, í a chur le foinsí sonraí seachtracha ábhartha chun tairbhe agus infhaighteacht faisnéise a uasmhéadú chun bonn eolais a chur faoi chláir agus torthaí dearbhaithe cáilíochta agus rialála HIQA agus chun iad a fheabhsú.

Sainmhíníonn Straitéis na Faisnéise Gnó 27 garsprioc atá le baint amach laistigh de thréimhse trí bliana. In 2016, thugamar 10 ngarsprioc chun críche, agus tá seacht gcinn eile faoi bhealach.

Bhain na garspriocanna a baineadh amach leis na nithe seo a leanas:

- rialachas ar fhaisnéis ghnó laistigh de HIQA,
- comhtháthú faisnéise gnó laistigh de phróisis ghnó,
- feabhas a chur ar úsáid sonraí agus faisnéise a cruthaíodh go hinmheánach agus tacar sonraí a foinsíodh go seachtrach,
- uirlisí agus acmhainní a chur ar fáil do sheachadadh éifeachtach agus thráthúil faisnéise ardchaighdeáin chuig na feidhmeanna gnó.

# 4.4 An Stiúrthóireacht um Chaighdeáin agus Cáilíocht a Fheabhsú

## 4.4.1 Cúlra

Le linn na bliana, thug an Stiúrthóireacht um Chaighdeáin agus Cáilíocht a Fheabhsú tacaíocht ghníomhach do chultúr sábháilteachta othar agus feabhsaithe cáilíochta ar fud an chórais shláinte agus chúraim shóisialta agus laistigh de agus chumasaigh sí an cultúr sin.

Chuireamar cáilíocht agus sábháilteacht chun cinn trí chaighdeáin náisiúnta agus treoir do sheirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta a fhorbairt i gcomhairle le páirtithe leasmhara. Rinneamar bronnadh céime a óstáil de bhliain dheireanach rannpháirtithe ar chlár chun acmhainn a thógáil i modheolaíochtaí feabhsaithe cáilíochta agus uirlisí don fhoireann ar an líne thosaigh. D'aithníomar cúram ag deireadh an tsaoil freisin i dtithe altranais mar thionscnamh straitéiseach feabhsaithe cáilíochta, agus thacaimid leis an obair sin ag ár seisiúin feasachta réigiúnacha ar an *National Standards for Residential Care Settings for Older People in Ireland*, 2016 athbhreithnithe.

## 4.4.1 Caighdeáin náisiúnta: forbairt agus athbhreithniú

### National Standards for Residential Care Settings for Older People




D'fhaomh an tAire Sláinte *National Standards for Residential Care Settings for Older People in Ireland*, 2016 athbhreithnithe sa chéad ráithe de 2016. Foilsíodh na caighdeáin athbhreithnithe ar 3 Bealtaine 2016. Mar ullmhúchán don mhonatóireacht in aghaidh na gcaighdeán, rinne an Stiúrthóireacht um Chaighdeáin agus Cáilíocht a Fheabhsú agus foireann Dhaoine Scothaosta Rialacháin ceithre sheisiún réigiúnacha feasachta ar na caighdeáin i Meitheamh 2016. Cuireadh tús le monatóireacht i gcoinne na gcaighdeán seo ar 1 Iúil 2016.

### National Standards for the Prevention and Control of Healthcare Associated Infections

Leanadh le hobair ar an athbhreithniú ar *National Standards for the Prevention and Control of Healthcare Associated Infections*. De bharr na ndifríochtaí comhthéacsúla taobh istigh de shaoráidí cúraim phríomhúil agus cúraim phobail, chinn an Grúpa Comhairleach um Chaighdeáin gur chóir go mbeadh na caighdeáin ann do sheirbhísí cúram sláinte ghéarmhíochaine amháin.

Is iad na dréachtchaighdeáin seo athbhreithniú ar an *National Standards for the Prevention and Control of Healthcare Associated Infections 2009*, agus ionchorpraítear iontu foghlaim ó chlár iniúchtaí HIQA de réir na gcaighdeán seo ar fud ospidéil na hÉireann. Foilsíodh an dréacht *National Standards for the Prevention and Control of Healthcare Associated Infections* ar 10 Deireadh Fómhair 2016 le haghaidh comhairliúchán poiblí a mhair ocht seachtaine. Tabharfar an *National Standards for the Prevention and Control of Healthcare Associated Infections* i saoráidí cúraim sláinte géarmhíochaine chun críche go luath in 2017 agus cuirfear faoi bhráid an Aire Shláinte é.

## National Standards for Safer Better Maternity Services

Leanamar le forbairt ar *National Standards for Safer Better Maternity Services* i 2016. Clúdaíonn na caighdeáin ocht dtéama de chúram lena n-áirítear, cúram agus tacaíocht láraithe ar an duine, sláinte agus folláine níos fearr, chun torthaí do mhná agus dá leanaí a fheabhsú. Chuir an Grúpa Comhairleach um Chaighdeáin bonn eolais faoi na caighdeáin, mar aon le grúpaí fócais le húsáideoirí seirbhíse agus le foireann túslíne, agus comhairliúchán poiblí a mhair ocht seachtaine, a bhí ag dul ar aghaidh ó Mhárta go Bealtaine 2016. D'fhaomh an tAire Sláinte na caighdeáin deiridh agus seoladh iad ag Caisleán Bhaile Átha Cliath ar 21 Nollaig 2016.

## National Standards for the Conduct of Reviews of Patient Safety Incidents


Leanamar le forbairt ar *National Standards for the Conduct of Reviews of Patient Safety Incidents in 2016*. Ba é seo an chéad uair a rinneadh na caighdeáin a chomhfhorbairt idir HIQA agus an Coimisiún Meabhairshláinte. Leagtar amach sna caighdeáin conas a dhéantar eachtraí sábháilteachta othar a athbhreithniú ar fud géarsheirbhísí sláinte agus meabhairshláinte. Bhí bonn eolais curtha faoi na caighdeáin ag Grúpa Comhairleach caighdeán a bhí comhdhéanta de réimse leathan páirtithe leasmhara agus eolasacha, lena n-áirítear úsáideoirí seirbhísí, gairmithe cúram sláinte (meabhairshláinte san áireamh) agus ionadaithe ón Roinn Sláinte, ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (HSE), ón nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát, Oifig an Ombudsman agus Cumann Ospidéal Príobháideach na hÉireann. Rinne HIQA agus an Coimisiún Meabhairshláinte sraith de ghrúpaí fócais freisin le húsáideoirí seirbhíse, foireann túslíne agus le bainistíocht a bhfuil baint acu le heachtraí sábháilteachta othar. Foilsíodh dréachtchaighdeáin le haghaidh comhairliúchán poiblí a mhair sé seachtaine i Meán Fómhair 2016. Tabharfar na caighdeáin deiridh chun críche in 2017.



**Seoladh National Standards for Safer Better Maternity Services: Phelim Quinn, POF HIQA; Simon Harris TD, An tAire Sláinte; agus Brian McEnery, Cathaoirleach Bhord HIQA**

### 4.4.2 Treoir chun tacú le caighdeáin náisiúnta a chur i bhfeidhm

Lean HIQA le treoircháipéisí a fhorbairt do sheirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta in 2016 chun cabhrú le soláthraithe seirbhíse caighdeáin náisiúnta a thuiscint agus a ghlacadh. Soláthraíonn siad comhthuiscint agus comhtheanga d'úsáideoirí seirbhísí, d'othair agus do sholáthraithe seirbhíse ar an tslí ina gcuirtear na caighdeáin náisiúnta i bhfeidhm sna seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta go léir. Cabhraíonn siad freisin le daoine atá ag obair i seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta tuiscint a fháil ar conas caighdeáin HIQA a chomhlíonadh.




Thugamar obair chun deiridh ar *Supporting people's autonomy: a guidance document*, a d'fhoilsíomar agus a sheolamar i mí Feabhra 2016. Scríobhadh an doiciméad seo chun cuidiú le soláthraithe seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta do dhaoine fásta uathriail, rogha agus cinnteoireachta an duine aonair a chur chun cinn agus tacú leo i dtimpeallacht an chúraim.

In 2016, lean HIQA de bheith ag obair ar phróiseas leanúnach athbhreithnithe agus rannphháirtíochta le páirtithe leasmhara ábhartha chun ár dtreoir a nuashonrú agus chun réimsí a aithint ina mbeadh treoir níos sainiúla ag teastáil, b'fhéidir.

Rinneamar breis agus 500 cóip dár ndoiciméid treorach a scaipeadh ag comhdhálacha náisiúnta le linn na bliana.

## 4.5 Oibríochtaí

Déanann foireann Oibríochtaí HIQA iarracht lena chinntiú go bhfuil córais éifeachtacha, bonneagar agus próisis i bhfeidhm ag HIQA chun seachadadh éifeachtach chuspóirí an phlean ghnó a éascú. In 2016, leanamar leis na feidhmeanna sin a neartú agus a fhorbairt.

### 4.5.1 Acmhainní Daonna

Tacaíonn foireann na nAcmhainní Daonna le caidreamh fostaithe, forbairt bheartais, earcaíocht, párolla agus pinsin, bainistíocht fheidhmíochta agus forbairt eagraíochtúil. Déantar é seo trí obair i gcomhpháirtíocht le bainisteoirí agus leis an bhfoireann agus trí shaineolas gairmiúil, beartais thionscadail agus próisis a chur ar fáil.

Bhí foireann na nAcmhainní Daonna i gceannas maidir le heacrú 37 bpost buan laistigh de HIQA in 2016. Rinne siad roinnt ball foirne gníomhaireachta a earcú freisin chun tacú breise a chur ar fáil ar bhonn sealadach. Chuir an fhoireann cláir thacaíochta ionduchtaithe agus meantóireachta ar fáil do gach ball foirne nua.

Leanadh le tionscnaimh eagrúcháin foghlama agus forbartha ar fud HIQA. Cuireann sé seo go mór le feidhmíocht eagraíochtúil agus phearsanta a fhorbairt agus a fheabhsú. Seachadadh réimse leathan clár in 2016, lena n-áirítear clár forbartha 360 céim do bhaill foirne shinsearacha, cláir fhorbartha 'Oiliúint don Oiliúnóir', agus seisiúin éascaithe ar athrú a bhainistiú le foirne tábhachtacha ar fud na heagraíochta. Leanadh le hobair leis an bhfoireann chun cláir chroí-fhoghlama agus chroí-fhorbartha a aithint agus a sheachadadh i réimsí straitéiseacha.

Le linn 2016, bhí fócas suntasach ar an gCóras Faisnéise Acmhainní Daonna (HRIS) a chur chun feidhme. Cuirfidh sé seo ardán ar fáil chun athsholáthar na bpróiseas láimhe le bunachar sonraí comhtháite agus le sreafa oibre uathoibrithe a éascú. Ina dhiaidh sin, déanfar cur chun feidhme céimneach de mhodúil eile agus d'fheidhmiúlacht in 2017.

Táimid tiomanta do thimpeallacht oibre a chur chun cinn a chuireann riachtanais an duine aonair san áireamh, agus a fhreastalaíonn ar riachtanais na heagraíochta. Chríochnaigh an lucht Acmhainní Daonna athbhreithniú cuimsitheach ar pholasaithe, nósanna imeachta agus cleachtais a bhaineann le obair sholúbtha in 2016, agus thug athruithe agus feabhsuithe isteach ar aon dul leis an gcleachtas reatha is fearr.

### 4.5.2 Bainistíocht airgeadais

Le linn 2016, lean HIQA lena acmhainní airgeadais a bhainistiú de réir na riachtanas rialachais. Bailíodh táillí bliantúla in am, agus tríd an úsáid as buiséadú agus réamhaisnéis leanúnach, éascaíodh bainistíocht shlán um chaiteachas iarbhír i gcoinne na n-acmhainní beartaithe agus atá ar fáil.

Rinne ár soláthraí inmheánach iniúchóireachta iniúchadh ar rialuithe airgeadais inmheánacha HIQA i rith na bliana. Níor aithníodh aon ábhair imní ábhartha. Rinneamar uasghrádú ar ár mbogearraí airgeadais a phróiseálann idirbhearta airgeadais agus a sholáthraíonn faisnéis bhainistíochta chun tacú le cinnteoireacht.

Cuireadh cuntais bhliantúla HIQA do 2016 faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste de réir na scálaí ama atá leagtha síos san Acht Sláinte 2007.

### 4.5.3 Bainistíocht cháilíochta

Bunaíodh feidhm Cháilíochta HIQA go foirmiúil in 2016, agus cuireadh tús le hobair ar chóras bainistíochta cáilíochta na heagraíochta (QMS). Rinneadh anailís ar bhearnaí agus forbraíodh plean gnímh chun próisis oibre na heagraíochta a fheabhsú agus a chaighdeánú tuilleadh. Mar chuid den fhorbairt QMS, bunaíodh feidhm mheasúnaithe cáilíochta inmheánach agus rinneadh roinnt measúnuithe cáilíochta. Cuireadh tús le hathbhreithniú ar chleachtais rialachais faisnéise freisin in 2016, agus aithníodh feabhsúcháin. Rinneadh dul chun cinn chomh maith ar fhorbairt bhreise ar ár gcóras bainistíochta inmheánach doiciméad.

### 4.5.4 Córais fhaisnéise

Lean HIQA le spriocanna a r-Straitéise a sheachadadh go rathúil, rud a athbhreithníodh agus a nuashonraíodh in 2016. Is é an Bord Córais Faisnéise faoi chathaoirleacht POF HIQA, Phelim Quinn, a rinne rialachas agus maoirseacht na hoibre seo. Cuireadh tuilleadh feabhais ar chóras faisnéise fiontair HIQA in 2016, agus feidhmiúlacht agus feabhsúcháin breise á gcur leis chun tacú níos fearr le gníomhaíocht rialála.

Cuireadh clár leanúnach feabhsúcháin do bhonneagar HIQA chun cinn in 2016. Rinneadh córais thábhachtacha a uasghrádú, lena n-áirítear mórchumarsáid agus réitigh chomhoibríocha. Chuir na huasghráduithe seo feabhas ar éifeachtúlacht agus feidhmíocht, agus iontaofacht ghinearálta á méadú.

Rinneadh roinnt tionscnamh le linn na bliana chun slándáil TFC de chuid HIQA a neartú. Ina measc siúd bhí córais nua slándála agus athbhreithnithe seachtracha ar shlándáil HIQA; as a dtáinig obair fheabhsúcháin ina dhiaidh nuair ba ghá. Tá an obair seo faoi bhealach agus cuirfear tuilleadh feabhsuithe i bhfeidhm sa bhliain atá amach romhainn.


Le linn na bliana, choimisiúnaigh HIQA athbhreithniú ullmhachta straitéiseach ar a bhfoirne teicniúla, lena n-áirítear grúpaí tacaíochta agus forbartha ICT, faisnéis Ghnó agus feidhmeanna tacaíochta Gnó. Rinneadh scrúdú ar conas atá na foirne ailínithe lena chéile agus má tá siad struchtúrtha i gceart chun an tacaíocht is fearr a thabhairt do HIQA chun a dhualgais a sheachadadh. Bainfear úsáid as an athbhreithniú seo chun bonn eolais a chur faoi atheagrú na bhfoirne tacaíochta teicniúla sa bhliain atá amach romhainn lena chinntiú go bhfuil sé ar a gcumas tacú le cuspóirí an phlean ghnó a bhaint amach.

### 4.5.5 Ídiú fuinnimh

Lean HIQA ar aghaidh le páirt ghníomhach a ghlacadh sa chlár 'Optimising Power @ Work' atá á reáchtáil ag Oifig na nOibreacha Poiblí. Arís eile, bhaineamar amach torthaí an-mhaith mar gheall ar iarrachtaí leanúnacha na foirne go léir. D'úsáid HIQA iomlán de 883,641 kWh d'fhuinneamh in 2016. Bhí an méid sin comhdhéanta as na nithe seo a leanas:

1. 192500 kWh de leictreachas inár gceannoifig i Machain, Corcaigh
2. 349971 kWh de leictreachas inár nOifig Réigiúnach Bhaile Átha Cliath
3. 341170 kWh de bhreoslaí iontaise inár nOifig Réigiúnach Bhaile Átha Cliath

San iomlán, bhain HIQA laghdú 31.8% amach ar a ídiú fuinnimh san oifig i mBaile Átha Cliath agus laghdú 10.5% sa Cheannoifig i gCorcaigh i gcomparáid leis an bhfigiúr bonnlíne a bunaíodh in 2010 atá de bhreis ar na spriocanna a leagadh síos faoin bPlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Éifeachtacht Fuinnimh. Faoin tionscnamh seo, bhí dúshlán roimh an Earnáil Phoiblí chun laghdú infhíoraithe 33% ar a ídiú fuinnimh a bhaint amach faoin mbliain 2020.




### 4.5.6 Sláinte agus Sábháilteacht

Tá HIQA tiomanta fós le sábháilteacht, sláinte agus leas de gach fostaí agus cuairteoir inár n-oifigí a chosaint. Leanaimid ar aghaidh le hacmhainní a infheistiú inár gclár Sláinte agus Sábháilteachta, rud a chuireann ar chumas comhghleacaithe a bheith rannpháirteach go gníomhach i mbainistíocht a gcuid sláinte agus sábháilteachta féin. Rinneadh an Córas Bainistíochta Sábháilteachta a athbhreithniú agus a nuashonrú in 2016. Toghadh ionadaithe sábháilteachta nua agus chuaigh siad sa Choiste Sláinte agus Sábháilteachta, agus leanadh le hoiliúint sábháilteachta a chur chun feidhme lena chinntiú go bhfuil sláinte agus sábháilteacht ar thús cadhnaíochta dár ngníomhaíochtaí. Bhí timpiste intuairiscithe amháin in 2016.

### 4.5.7 Saoráidí

Clúdaíonn sainchúram rialála HIQA seirbhísí a sholáthraítear ar fud na 26 contae sa stát. Chun cur le cumas na heagraíochta, glacadh cinneadh chun oifig bheag i nGaillimh a fháil inár féidir le HIQA oibriú ar bhealach níos éifeachtaí in iarthar na tíre. Comhlánaíonn an oifig seo na hoifigí níos mó i gCorcaigh agus i mBaile Átha Cliath. Ag obair le hOifig na nOibreacha Poiblí, aithníodh spás oiriúnach agus críochnaíodh oibreacha feistithe faoi dheireadh mhí Eanáir 2016. Osclaíodh an oifig ar 1 Feabhra 2016.

### 4.5.8 Pleanáil

D'fhoilsíomar ár bPlean Corparáideach 2016-2018 in Aibreán 2016, i ndiaidh comhairliúchán fairsing le páirtithe leasmhara. Cuirtear in iúl sa phlean na croí-chuspóirí straitéiseacha bhfuil sé mar aidhm ag HIQA a bhaint amach thar na trí bliana atá amach romhainn. Cuireann Plean Gnó bliantúil taca faoi Phlean Corparáideach HIQA. Tá an plean gnó ailínithe leis an bPlean Corparáideach, agus leagtar amach ann na cuspóirí gnó atá le seachadadh in 2016, an chéad bhliain den timthriall pleanála corparáideach trí bliana. D'fhaomh an tAire Sláinte an Plean Corparáideach agus an Plean Gnó le linn na bliana.

Cuireadh tús le pleanáil ghnó do 2017 go luath i Meán Fómhair 2016. Cuirfear dréachtphlean gnó faoi bhráid an Aire Sláinte laistigh de 30 lá ó fuarthas cinneadh airgeadais HIQA do 2017.

# 4.6 Cumarsáid agus Rannpháirtíocht Pháirtithe Leasmhara

## 4.6.1 Cúlra

Déanann HIQA cumarsáid leis an bpobal agus lenár raon leathan páirtithe leasmhara ar bhonn rialta. Cuireann an fhoireann Chumarsáide agus Rannpháirtíochta Páirtithe Leasmhara eolas tráthúil agus cruinn ar fáil don phobal, agus guth neamhspleách agus neamhchlaonta á choinneáil aici.

Cuireadh bunluachanna oscailteachta agus trédhearcachta de chuid HIQA i bhfeidhm ar gach tuairisc agus moladh a foilsíodh i rith 2016. Leanamar de bheith ag obair leis na meáin agus le páirtithe leasmhara eile lena chinntiú go ndéantar eolas ar ár gcuid oibre a thuairisciú go cruinn agus go cuí, agus go gcuirtear an pobal ar an eolas agus go n-éascaítear iad chun rochtain agus tuiscint fháil ar an méid a ndéanaimid.

## 4.6.2 Feidhmeanna

Seachadann an fhoireann Chumarsáide agus Rannpháirtíochta Páirtithe Leasmhara ocht bhfeidhm chun riachtanais chumarsáide HIQA a chomhlíonadh. Is iad seo a leanas na hocht bhfeidhm:

- caidreamh preasa agus na meán
- foilseacháin a bhainistiú agus a fhoilsiú
- rannpháirtíocht agus comhairliúcháin na bpáirtithe leasmhara
- gnóthaí poiblí agus parlaiminte
- ár gcainéil ar líne a bhainistiú
- cumarsáid inmheánach
- Saoráil Faisnéise
- bainistiú gearán.

## 4.6.3 Caidreamh preasa agus na meán

Le linn 2016, lean an fhoireann Chumarsáide agus Rannpháirtíochta Páirtithe Leasmhara le príomhtheachtaireachtaí HIQA a chur in iúl. Rinne eagraíochtaí idirnáisiúnta, náisiúnta agus na meán áitiúil obair HIQA a thuairisciú ar fud foilseachán clóite, craolta agus ar líne. D'oibríomar leis na meáin lena chinntiú gur shroich ár dteachtaireacht lucht féachana ar bhealach tráthúil agus cruinn.

Eisíodh tríocha preasráiteas ar obair HIQA le linn 2016. Ina measc siúd bhí imeachtaí suntasacha na meán, amhail an foilsiú de *Report of the review of nutrition and hydration care in public acute hospitals*, agus athbhreithniú ar dhul chun cinn in Ospidéal Réigiúnach Lár Tíre, Port Laoise, *National Standards for Safer Better Maternity Services*, POF Phelim Quinn ag labhairt ar chosaint ag comhdáil náisiúnta Chónaidhm Náisiúnta na gComhlachtaí Deonacha, agus síniú na meabhrán tuisceana.

D'eisíomar 48 ráiteas foilseacháin chun dul le foilsiú de thuarascálacha iniúchta ar sheirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta.

Rinneamar ar an meán 380 scéal nuachta a thaifeadadh gach mí a bhaineann go díreach lenár gcuid oibre. B'ionann sin agus breis is 4,500 tuarascáil nuachta ar obair HIQA le linn 2016.

### 4.6.4 Bainistíocht um fhoilsiú agus foilseacháin

Tá HIQA tiomanta d'úsáid ghnáth-Bhéarla a chur chun cinn inár bhfoilseacháin uile. Le linn 2016, sholáthraíomar oiliúint inmheánach ar scríobh tuarascálacha agus ar ghnáth-Bhéarla do 24 ball dár bpearsanra.

Déanaimid ár dtuarascálacha agus foilseacháin a fhoilsiú ar ár láithreán gréasáin www.hiqa.ie, áit ar féidir iad a íoslódáil go héasca. Rinneamar cuid dár bhfoilseacháin a tháirgeadh i leaganacha éasca le léamh. Dhearamar grafaicí faisnéise freisin do chuid dár bhfoilseacháin chun iad a dhéanamh níos inrochtana.

Táimid tiomanta i gcónaí lena chinntiú go bhfoilsítear eolas ar an láithreán gréasáin ar bhealach tráthúil.

In 2016, d'fhoilsíomar 35 foilseachán. Áirítear leis seo caighdeáin, tuarascálacha bliantúla agus cáipéisí treoracha, chomh maith lenár nuachtlitir agus nótaí labhartha ó mhórimeachtaí náisiúnta. Foilsíodh níos mó ná 1,300 tuarascáil iniúchta ar ár láithreán gréasáin in 2016.

| Cineál tuarascála | Iomlán a foilsíodh |
|---|---|
| Cúram sláinte | 42 |
| Leanaí (gan míchumas san áireamh) | 46 |
| Míchumas (leanaí san áireamh) | 700 |
| Tithe altranais | 575 |
| **Iomlán** | **1,363** |

### 4.6.5 Rannpháirtíocht agus comhairliúcháin na bpáirtithe leasmhara

Leanamar ar aghaidh le teagmháil a dhéanamh le páirtithe leasmhara, lena n-áirítear an pobal i gcoitinne, othair, cónaitheoirí, soláthraithe seirbhísí agus grúpaí abhcóideachta. Is í an tosaíocht atá againn a bheith freagrach do riachtanais na ndaoine a bhaineann úsáid as seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta.

Tá rannpháirtíocht an phobail i gcomhairliúchán mar chuid thábhachtach d'obair HIQA. In 2016, bhí seacht gcomhairliúchán phoiblí againn sular tugadh roinnt caighdeán náisiúnta chun críche. Le linn an chomhairliúcháin, iarradh ar pháirtithe leasmhara a dtuairimí agus aiseolas a chur isteach maidir leis na dréachtchaighdeáin. Chuir na tuairimí seo bonn eolais faoi na caighdeáin deiridh a bhí faofa ina dhiaidh sin ag Bord HIQA.

- *Revision of the Draft National Standard Demographic Dataset and Guidance for use in health and social care settings in Ireland*
- *Draft National Standards for Safer Better Maternity Services*

Phelim Quinn ag labhairt ag Scoil Samhraidh MacGill ar 21 Iúil 2016 (Grianghraf Comhairle Contae Dhún na nGall)




- *Draft Information Management Standards for National Health and Social Care Data Collections*
- *Draft National Standard for eDispensing datasets and Clinical Document Architecture*
- *Draft National Standard for Procedures datasets and Clinical Document Architecture*
- *Draft National Standards for the Conduct of Reviews of Patient Safety Incidents*
- *Draft revision of the national standards for the prevention and control of Healthcare Associated Infections in acute healthcare services.*

Chuireamar freisin le roinnt comhairliúchán a bhí eagraithe ag eagraíochtaí agus comhlachtaí poiblí eile, amhail comhairliúchán poiblí r-Shláinte ar Mheasúnú Tionchair Príobháideachta don Aitheantóir Sláinte Aonair.

Le linn 2016, ghlac HIQA le cuirí chun freastal ar roinnt comhdhálacha ar fud na tíre chun labhairt le páirtithe leasmhara. D'ullmhaigh POF HIQA, Phelim Quinn, roinnt cur i láthair, amhail a óráid ag Scoil Samhraidh MacGill ar na Gleannta, Co. Dhún na nGall ar 21 Iúil 2016, agus chuig Comhdháil Uile-Éireann Bhliantúil Chnáimhseachais de chuid Chumann Altraí agus Ban Cabhrach na hÉireann agus Choláiste Ríoga na mBan Cabhrach TÉ i nDeireadh Fómhair 2016.

Le linn na bliana, leanamar lenár nuachtlitir a fhoilsiú dár bpáirtithe leasmhara agus don phobal, HIQA News, ina bhfuil faisnéis ónár bhfoirne éagsúla. In 2016, d'fhoilsíomar cúig eagrán agus bhí 2,823 síntiúsóir ar an meán againn.


### 4.6.6 Gnóthaí poiblí agus parlaiminte

Trínár bhfeidhm ghnóthaí pobail agus parlaiminte, tá HIQA freagrach don Rialtas agus do Thithe an Oireachtais, ag cinntiú ndéantar eolas cruinn agus cothrom le dáta a chur ar fáil ar bhealach tráthúil. Táimid réamhghníomhach agus freagrúil maidir le heolas mionsonraithe a sholáthar ar cheisteanna polaitiúla ar bhealach tráthúil.

Bímid i gcumarsáid díreach le ranna an Rialtais, leis an gComhchoiste um Shláinte, leis an gComhchoiste um Leanaí agus Gnóthaí Óige, leis an gCoiste ar Thodhchaí na Sláinte, agus le hurlabhraithe iomchuí.

Fuaireamar agus thugamar freagra ar 22 ceist pharlaiminteach anuraidh. Baineann cuspóir tábhachtach le ceisteanna parlaiminteacha lena chinntiú go bhfuil obair HIQA cuntasach, tuigthe, agus tuairiscithe go cruinn agus go cothrom.

Bhain ceisteanna parlaiminteacha ar fhreagair HIQA orthu leis na nithe seo a leanas:




Tugadh freagra ar gach ceist in am. Thugamar freagra freisin ar dhá iarratas faisnéise foirmiúla ón Roinn Sláinte maidir le saincheisteanna a bhaineann le rialáil. Léiríonn an raon ceisteanna a chuirtear ar fud na ngrúpaí polaitiúla san Oireachtas rannpháirtíocht i gcoitinne ag ionadaithe tofa lenár gcuid oibre. Bímid i dteagmháil le hurlabhraithe Oireachtais Shláinte, Daoine Scothaosta, Míchumais agus Leanaí ar bhonn leanúnach. Ar bhonn níos ginearálta, faigheann HIQA ceisteanna ar bhonn rialta go díreach ó ionadaithe poiblí agus óna n-oifigí.

Rinneamar dhá aighneacht in 2016 chun cuidiú le hobair na gcomhlachtaí poiblí. Bunaithe ar an taithí ata againn leis an gcóras sláinte agus cúraim shóisialta, rinne HIQA aighneacht don Choiste ar Thodhchaí na Sláinte ina leagtar amach ár bhfís do thodhchaí na sláinte agus an chúraim shóisialta in Éirinn. Rinneamar aighneacht freisin ar Ráiteas Straitéise na Roinne Sláinte 2016-2019.

Ina theannta sin, tháinig Phelim Quinn, Príomhfheidhmeannach HIQA; Stiúrthóir Rialála agus Príomhchigire Seirbhísí Sóisialta, Mary Dunnion; agus Stiúrthóir na Faisnéise Sláinte, Rachel Flynn, os comhair an Chomhchoiste Sláinte ar 14 Nollaig 2016 mar chuid den phróiseas imscrúdaithe réamh-reachtaíochta maidir le Scéim Ghinearálta an Bhille um Fhaisnéis Sláinte agus Sábháilteacht Othar.

### 4.6.7 Cumarsáid ar líne

Déanann an fhoireann Chumarsáide agus Rannpháirtíochta Páirtithe Leasmhara gach cainéal ar líne a bhainistiú, lena n-áirítear ár láithreán gréasáin, láithreáin inlín agus láithreáin na meán sóisialta, ar nós ár leathanaigh Twitter agus Facebook.

Tá ár láithreán gréasáin fós ina fhoinse thábhachtach faisnéise dár bpáirtithe leasmhara agus don phobal i gcoitinne. Le linn na bliana, leanadh le hobair ar mhór-athfhorbairt ar an láithreán gréasáin. Déanfar an láithreán gréasáin nua a sheoladh sa chéad ráithe de 2017.

Ba iad na ceithre chuid is mó tóir ar www.hiqa.ie ná an leathanach baile, ár rannán tuarascálacha iniúchta is déanaí, ár dtuarascálacha iniúchta seirbhísí míchumais agus ár leathanach gairmeacha.

Méadaíodh líon na bhfoilseachán a íoslódáladh ónár láithreán gréasáin le 6% in 2016. Ba iad na ceithre dhoiciméad is mó tóir a íoslódáladh ónár láithreán gréasáin ná:

The number of publication downloads from our website increased by 6% during 2016. The four most popular documents downloaded from our website were:

- *Revised National Standards for Residential Care Settings for Older People in Ireland, 2016*
- *National Standards for Safer Better Healthcare*
- *National Standards for Residential Services for Children and Adults with Disabilities*
- *Annual overview report on the regulation of designated centres for older people - 2015*

Tháinig méadú 50% ar íoslódáil *National Standards for Safer Better Healthcare in 2016*. Le linn 2016, leanadh le fás 25% ar líon na gcuairteanna ar ár láithreán gréasáin ó ghléasanna móiblíleacha, lena n-áirítear fóin phóca agus táibléid.

In 2016, leanamar leis na meáin shóisialta a úsáid chun dul i dteagmháil lenár bpáirtithe leasmhara, lena n-áirítear ár leathanach Facebook, ár gcuntas Twitter agus ár leathanach LinkedIn. Oibríonn ár n-idirghníomhaíochtaí agus ár naisc ar na meáin shóisialta chun pobal a thógáil a bhfuil spéis aige in obair HIQA, agus iarrtar ionchur ó pháirtithe leasmhara. Méadaíodh líon sa lucht leanúna atá againn ar líonraí meán sóisialta in 2016. Tháinig fás 48% ar an lucht leanúna atá ag HIQA ar Twitter agus fás 22% ar an lucht leanúna ar ár leathanach Facebook.

**Phelim Quinn ag tabhairt cur i láthair ag Comhdháil Uile-Éireann Chnáimhseachais (Grianghraf Lisa Moyles)**



Táinig méadú24% ar líon na nasc ata againn ar LinkedIn in 2016.

Fuair ár gcainéal Youtube 9,647 amharc in 2016, ar méadú 6% é. Lean ár seirbhís ghearrtheachtaireachtaí (SMS) le fógraí a thabhairt dár 548 síntiúsóir ar nuashonruithe ar ár gcuid oibre. Méadaíodh líon na síntiúsóirí SMS le 14% in 2016.

### 4.6.8 Cumarsáid inmheánach

Coinnímid agus tacaímid le cumarsáid inmheánach ar fud HIQA. Ba iad cruinnithe foirne rialta agus ár n-inlíon príomhfhoinsí na cumarsáide inmheánaí faoi ghníomhaíochtaí HIQA, agus coinníodh an fhoireann ar an eolas ar gach athrú agus forbairt laistigh den eagraíocht. Déantar nuashonruithe nuachta laethúla a scaipeadh ar gach ball foirne agus ar an mBord. Úsáidtear r-iris mhíosúil na foirne inmheánaí chun an fhoireann a chur ar an eolas faoi gach gné den obair ar fud na heagraíochta.

### 4.6.9 Saoráil Faisnéise

Fuair HIQA 52 iarratas san iomlán ar Shaoráil Faisnéise (FOI) in 2016 agus tugadh cúig iarratas ar aghaidh ó 2015. As an iomlán de 57 iarratas, deonaíodh 11 díobh, deonaíodh 23 díobh i bpáirt, diúltaíodh naoi gcinn, láimhseáladh seacht gcinn lasmuigh den phróiseas um Shaoráil Faisnéise nó tarraingíodh siar iad, aistríodh sé iarratas chuig gníomhaireacht eile rialtais agus tugadh ceann amháin isteach in 2017.

Tugadh freagra ar gach iarratas de réir cheanglais an Achta um Shaoráil Faisnéise 2014. Mhéadaigh HIQA líon a lucht cinnteoireachta um Shaoráil Faisnéise trí oiliúint iomchuí a chur ar fáil.

### 4.6.10 Gearáin

Iarrann HIQA tuairimí, moltaí agus gearáin faoina fheidhmíocht agus faoina iompar i soláthar á dhualgas agus á fhreagrachtaí reachtúla. D’fhéadfadh an t-aiseolas seo a theacht ó sholáthraithe seirbhíse, ó othair, ó chúramóirí, ó ghaolta, ó ghníomhaireachtaí príobháideacha agus deonacha, ó ghníomhaireachtaí reachtúla agus ón bpobal i gcoitinne. Cuireann HIQA fáilte roimh an aiseolas go léir agus féachann sé ar ghearáin mar dheiseanna chun athbhreithniú a dhéanamh ar chleachtas, ar nósanna imeachta agus ar na réimsí atá le feabhsú. Is mian linn freisin gearáin a réiteach ar bhealach éifeachtach agus tráthúil, agus úsáidtear cur chuige luathréitigh i ndáil le gearáin nuair is féidir.

Cheadaigh an Bord Beartas Gearán nua i Márta 2016, rud a cuireadh i bhfeidhm. Le linn 2016, fuair HIQA 12 ghearán, agus pléadh le gach ceann acu de réir an bheartais agus laistigh de na hamlínte comhaontaithe.

## 4.7 Oifig an Phríomhfheidhmeannaigh

### 4.7.1 Cúlra

Soláthraíonn Oifig an Phríomhfheidhmeannaigh maoirseacht, treoir agus tacaíocht chun cur ar chumas HIQA a chuspóirí a sheachadadh laistigh de chreat rialachais. Áirítear leis seo tacaíocht éifeachtach don Bhord agus dá choistí ionas go ndéantar na príomhfheidhmeanna straitéise agus monatóireachta a sheachadadh ar bhealach a chinntíonn go gcomhlíonann HIQA a riachtanais reachtúla.

### 4.7.2 Cruinnithe boird agus coistí

Thionóil an Bord ocht gcruinniú in 2016. Bhí sé chruinniú riachtanach go reachtúil agus sceidealadh dhá chruinniú sa bhreis chun nithe sonracha gnó a chur chun cinn gan aon mhoill mhíchuí.

#### Coistí boird

Le linn 2016, rinne an Bord struchtúr agus téarmaí tagartha choistí an Bhoird a athchumrú chun obair na gcoistí a bharrfheabhsú agus a chuíchóiriú. Tugann coistí an Bhoird cúnamh agus tacaíocht don Bhord trí mhaoirseacht níos mionsonraithe a chur ar fáil sna réimsí lárnacha a bhaineann le feidhmeanna agus oibríochtaí HIQA.

Tá ceithre choiste ag an mBord, mar seo a leanas:

- Déanann an **Coiste Rialála** maoirseacht ar éifeachtúlacht, rialachas, comhlíonadh agus rialuithe maidir le seachadadh fheidhmeanna rialála HIQA. Bhuail an coiste seo le chéile ceithre huaire le linn 2016.
- Cuidíonn an **Coiste Iniúchóireachta, Riosca agus Rialachais** leis an mBord ina mheasúnú ar éifeachtúlacht na gcóras a bhunaigh Bainistíocht HIQA trí athbhreithniú a dhéanamh ar chuimsitheacht agus iontaofacht na rialaithe inmheánacha, agus ar dhearbhuithe ar rialachas, bainistíocht riosca, an timpeallacht rialaithe agus cruinneas agus iomláine na ráiteas airgeadais. Bhuail an coiste seo le chéile sé huaire le linn 2016.

Mary Griffin, Príomhfheidhmeannach NMBI, agus Phelim Quinn, POF HIQA, ag síniú an Mheabhráin Tuisceana idir an dá eagraíocht



- Déanann an **Coiste Caighdeán, Faisnéise, Taighde agus Teicneolaíochta** maoirseacht ar na socruithe rialachais, lena n-áirítear comhlíonadh agus rialuithe, le haghaidh feidhmeanna na forbartha caighdeán, na faisnéise sláinte agus feidhmeanna measúnaithe na teicneolaíochta sláinte. Bhuail an coiste seo le chéile faoi dhó in 2016.
- Déanann an **Coiste Monatóireachta Acmhainní** monatóireacht ar riachtanais acmhainní HIQA lena chinntiú go bhfuil siad ag teacht le straitéis chorparáideach HIQA, lena n-áirítear maoirseacht a dhéanamh ar rioscaí a bhaineann le hacmhainní. Lena chois sin, déanann sé maoirseacht ar riachtanais eagraíochtúla agus ar fheidhmíocht na bainistíochta. Bhuail an coiste seo le chéile trí huaire in 2016.

## 4.7.3 Rialachas corparáideach

Tá Bord HIQA freagrach as córas um rialú inmheánach de chuid HIQA agus as athbhreithniú ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha a dhéanamh gach bliain, lena n-áirítear, rialuithe airgeadais, oibriúcháin agus bainistíocht riosca.

Chun an fhreagracht seo a sheachadadh, glacann an Coiste Iniúchóireachta, Riosca agus Rialachais ról gníomhach maidir leis na dearbhuithe a fhaightear ó fhoinsí éagsúla a chomhordú, mar seo a leanas:

- Obair inmheánach iniúchóireachta
- Iniúchadh ag an Reachtaire Cuntas agus Ciste Ginearálta
- Bainistíocht riosca
- Athbhreithniú ar rialuithe airgeadais
- Athbhreithniú ar ráitis airgeadais.

Lena chois sin, tá próiseas i bhfeidhm trína soláthraíonn an Fhoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin ráiteas dearbhaithe bliantúil don Bhord ina leagtar amach na rialuithe a chlúdaíonn iomláine fheidhmeanna HIQA. Soláthraítear tuarascálacha feidhmíochta corparáideach don Bhord ar bhonn rialta, lena n-áirítear rioscaí corparáideacha. Cuireann an Príomhfheidhmeannach tuairisc ar fáil don Bhord ag gach cruinniú de chuid an Bhoird. Tuairiscíonn Coistí an Bhoird chuig an mBord.

### Cód Iompair Ghnó

Tá nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú:

- Go bhfuil HIQA comhlíontach leis na hEitic i reachtaíocht Oifig Phoiblí
- Go mbainistíonn HIQA cásanna ina bhféadfadh coinbhleachtaí leasa teacht chun cinn
- Go gcinntíonn HIQA go dtuigeann comhaltaí an Bhoird a bhfreagrachtaí agus go ndeimhníonn siad an tuiscint sin i scríbhinn.

# Caibidil 5: **Ráitis airgeadais**

Ní ionann an t-eolas airgeadais achoimrithe atá leagtha amach sa tuarascáil seo agus cuntais an Údaráis um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte don tréimhse dar críoch 31 Nollaig 2016 a éilítear in Alt 35 (4) den Acht Sláinte 2007.

Díorthaítear an t-eolas anseo ó dhréachtchuntais mar, tráth a foilsíodh an Tuarascáil Bhliantúil, ní raibh iniúchadh déanta ar na cuntais ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus, dá bhrí sin, ní féidir le HIQA iad a thabhairt chun críche.

### Cuntas achoimrithe Ioncaim agus caiteachais don HIQA don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2016:

| Ioncam | €'000 |
|---|---:|
| An Roinn Sláinte agus Leanaí | 11,550 |
| Táillí bliantúla agus táillí clárúcháin | 6,844 |
| Ioncam eile | 15 |
| **Ioncam iomlán** | **18,409** |

| Caiteachas | €'000 |
|---|---:|
| Táillí gairmiúla | 629 |
| Costais foirne | 13,626 |
| Taisteal agus cothú | 805 |
| Scaipeadh | 107 |
| Tacaíocht agus bunú | 2,723 |
| **Caiteachas iomlán** | **17,890** |
| Barrachas ioncaim thar caiteachas | 519 |
| Cúlchistí oscailte | 322 |
| **Cúlchistí deiridh** | **841** |

Déanfar na cuntais iomlána don tréimhse dar críoch 31 Nollaig 2016, chomh maith le deimhniú an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste do na cuntais, a fhoilsiú ar www.hiqa.ie nuair a bheidh na cuntais iniúchta ar fáil.

# Aguisín 1: Gníomhaíocht agus freastal an Bhoird in 2016

De réir an Achta Sláinte 2007, beidh cruinnithe ag an mBord de réir mar is gá chun a fheidhmeanna a chomhlíonadh, ach i ngach bliain tiocfaidh sé le chéile uair amháin ar a laghad gach dhá mhí. Tá na sé chruinniú sceidealaithe liostaithe thíos mar aon le freastal gach comhalta an Bhoird.

**Freastal ar shé chruinniú rialta agus riachtanach go reachtúil an Bhoird in 2016**

| Cruinnithe Rialta Boird 2016 | 20 Ean 2016 | 16 Már 2016 | 25 Beal 2016 | 06 Iúil 2016 | 21 M.Fómh 2016 | 30 Samh 2016 | Taifead an fhreastail aonair ag cruinnithe rialta an Bhoird |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Brian McEnery | TÁ | TÁ | TÁ | TÁ | TÁ | TÁ | 6 as 6 |
| David Molony | TÁ | TÁ | TÁ | TÁ | TÁ | TÁ | 6 as 6 |
| Sheila O'Malley | TÁ | TÁ | TÁ | TÁ | TÁ | TÁ | 6 as 6 |
| Una Geary | TÁ | TÁ | TÁ | TÁ | TÁ | TÁ | 6 as 6 |
| Anne Carrigy | NO | TÁ | NO | TÁ | TÁ | TÁ | 4 as 6 |
| Bairbre O'Neill | TÁ | TÁ | TÁ | NÍL (saoire mháith) | NÍL (saoire mháith) | TÁ | 4 as 6 |
| Mary Fennessy | TÁ | TÁ | TÁ | TÁ | TÁ | TÁ | 6 as 6 |
| Judith Foley | NO | TÁ | TÁ | TÁ | NO | TÁ | 4 as 6 |
| Stephen O'Flaherty | NO | TÁ | TÁ | TÁ | TÁ | TÁ | 5 as 6 |
| Paula Kilbane | TÁ | TÁ | TÁ | TÁ | TÁ | NO | 5 as 6 |
| Martin Sisk | TÁ | TÁ | TÁ | TÁ | TÁ | TÁ | 6 as 6 |
| Molly Buckley | TÁ | TÁ | TÁ | TÁ | TÁ | TÁ | 6 as 6 |
| **Freastal iomlán in aghaidh chruinniú an Bhoird** | 9 as 12 | 12 as 12 | 11 as 12 | 11 as 12 | 10 as 12 | 11 as 12 | |


Chomh maith le líon reachtúil riachtanach cruinnithe an Bhoird mar atá leagtha amach san Acht Sláinte 2007, bhí dhá chruinniú sa bhreis ag Bord HIQA chun feidhmeanna HIQA a chur chun cinn.

### Freastal ar chruinnithe neamhchoitianta an Bhoird in 2016

| Cruinnithe bhreise an Bhoird in 2016 | 27 Aib 2016 | 15 Noll 2016 | Taifead an fhreastail aonair ag cruinnithe sa bhreis an Bhoird |
|---|---|---|---|
| Brian McEnery | TÁ | TÁ | 2 AS 2 |
| David Molony | TÁ | TÁ | 2 AS 2 |
| Sheila O'Malley | TÁ | TÁ | 2 AS 2 |
| Una Geary | NÍL | TÁ | 1 AS 2 |
| Anne Carrigy | TÁ | NÍL | 1 AS 2 |
| Bairbre O'Neill | TÁ | NÍL | 1 AS 2 |
| Mary Fennessy | TÁ | TÁ | 2 AS 2 |
| Judith Foley | TÁ | NÍL | 1 AS 2 |
| Stephen O'Flaherty | TÁ | TÁ | 2 AS 2 |
| Paula Kilbane | NÍL | TÁ | 1 AS 2 |
| Martin Sisk | TÁ | NÍL | 1 AS 2 |
| Molly Buckley | NÍL | TÁ | 1 AS 2 |
| **Freastal iomlán in aghaidh chruinniú an Bhoird** | 9 as 12 | 8 as 12 | |

# Aguisín 2: Léarscáil Straitéise 2016 - 2018

## Is údarás neamhspleách é atá ann chun seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta a fheabhsú do mhuintir na hÉireann



# Aguisín 3: Tuarascáil Bhliantúil an Údaráis um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte a éilítear faoin Acht um Nochtadh Cosanta 2014

Éilítear le hAlt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta 201 go bhfoilseofar tuarascáil gach bliain a bhaineann le líon na nochtuithe cosanta a rinneadh sa bhliain roimhe sin agus aon ghníomhartha a glacadh mar fhreagairt ar na nochtuithe sin.

Faoi Alt 7 (2) den Acht um Nochtadh Cosanta 2014, d'fhorordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe Príomhfheidhmeannach an Údaráis um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte mar fhaighteoir cuí de nochtuithe éagóracha ábhartha a bhaineann le gach ábhar a bhaineann leis na caighdeáin um shábháilteachta agus um chúram daoine atá ag fáil seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta san earnáil chúram sláinte phoiblí agus dheonach, agus seirbhísí cúraim shóisialta i gcás na hearnála cúraim sláinte príobháidí, mar a fhoráiltear leis an Acht Sláinte, 2007. Ní féidir déileáil le haon nochtuithe den sórt sin a dhéantar ach ar bhealach atá i gcomhréir le ról, cearta reachtúla agus dualgais HIQA agus atá cuí don ról freisin.

Tá próiseas ag HIQA le míreanna imní a nochtar dó a láimhseáil. In 2016, rinneadh 1,334 mír imní a nochtadh do HIQA. Ba í an fhoireann, daoine a úsáideann seirbhísí, agus an pobal i gcoitinne a rinne na nochtuithe sin. Rinneadh an t-eolas seo a logáil agus a mheasúnú ó thaobh riosca de, agus i ngach cás úsáideadh an t-eolas chun bonn eolais a chur faoin idirghabháil is oiriúnaí ag HIQA mar rialtóir seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta agus de réir a dhualgas faoi Acht na Nochtuithe Cosanta 2014.

Rinne roinnt ball foirne nochtadh amháin mar a shainítear san Acht um Nochtadh Cosanta 2014 chuig Faighteoir Ainmnithe HIQA le linn 2016. Cuireadh an t-ábhar ar aghaidh chuig an bPríomh-Oifigeach Feidhmiúcháin le haghaidh imscrúdaithe.

Health Information and Quality Authority

An tÚdarás Um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte

Arna foilsiú ag an Údarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte.

**Le tuilleadh eolais a fháil, téigh i dteagmháil le do thoil le:**

An tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte
Oifig Réigiúnach Bhaile Átha Cliath
Cúirt Sheoirse Lána Sheoirse Margadh na Feirme
Baile Átha Cliath 7
D07 E98Y

Teil: +353 (0) 1 814 7400
R-phost: info@hiqa.ie
URL: www.hiqa.ie

**© An tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte 2017**